



**COMHAIRLE AN
AONTAIS EORPAIGH**

**An Bhruiséil, 19 Eanáir 2007 (02.04)
(OR. en)**

5474/07

**Comhad idirinstiúideach:
2007/0002 (COD)**

**STATIS 7
ENER 27
COMPET 13
CODEC 60**

TOGRA

ó:	An Coimisiún Eorpach
dar dáta:	15 Eanáir 2007
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le staidreamh fuinnimh

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo togra ón gCoimisiún, a cuireadh isteach le litir chlúdaigh ó Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir, chuig Javier SOLANA, An tArdrúnaí/Ardionadaí.

Faoi iamh: COIM(2006) 850 leagan deireanach



COIMISIÚN NA gCOMHPHOBAL EORPACH

An Bhruiséil 10.1.2007
COIM(2006) 850 leagan deireanach

2007/0002 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le staidreamh fuinnimh

(arna thólacadh ag an gCoimisiún)



MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1) Comhthéacs an Togra

1.1. Forais agus cuspóirí an togra

Teaspáineann forbairt beartais agus reachtaíocht an Chomhphobail maidir le fuinneamh go bhfuil géarghá le staidreamh Eorpach atá cuimsitheach agus comparáideach ar raon ábhar a bhaineann le fuinneamh. Éilíonn teoracha a bhfuil spriocanna agus spriocdhátaí soiléire, cainníochtúla acu maidir le fuinneamh san AE go ndéanfar faireachán ar an staid fuinnimh chun a fhíorú an ngnóthaítear agus a mhéid a ghnóthaítear na spriocanna sin.

Maidir leis an mórthionchar a bhíonn ag claochlú agus úsáid fuinnimh ar an gcomhshaol is cinnte gur ábhar conspóideach a bheidh ann go fadtéarmach, rud a threisiónn an gá atá le sonraí fuinnimh beachta. Tá gá rí-thábhachtach le cuntas ceart, beacht maidir le fuinneamh tar éis do Phrótacal Kyoto teacht i bhfeidhm ar an 16 Feabhra 2005: is ionann ár n-úsáid fuinnimh agus 80% d'astaíochtaí iomlána an AE de gháis ceaptha teasa.

Tabharfaidh an togra seo lánaird ar chomhoibriú an Chomisiúin leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh (GIF) maidir le staidreamh fuinnimh: cuimsíonn an bailiú sonraí atá beartaithe an chuid a roinntear leis an GIF i gcómhthéacs an chomhoibrithe seo.

1.2. Comhthéacs ginearálta

Ag Cruinniú Hampton Court, d'éiligh na Ceannairí Stáit Beartas Fuinnimh Eorpach. Mar fhreagra air seo chuir an Coimisiún pacáiste beart le chéile mar atá luaite sa Pháipéar Uaine nua maidir le fuinneamh.

D'fhonn an cuspóir seo a bhaint amach tá sé rí-thábhachtach go mbeidh sonraí iontaofa maidir leis an staid fuinnimh san AE ar fáil go tráthúil. Fágann an tábhacht seo go bhfuil gá le bunús cobhsaí, institúideach maidir le bailiú sonraí fuinnimh, rud atá fós á dhéanamh trí chomhaontuithe deonacha.

Tá sé mar aidhm ag an togra ábhair seo an t-ualach atá ar ghnóthais a laghdú freisin: cé nach laghdaíonn an rialachán seo an t-ualach láithreach, ní fhorchuireann sé dualgais nua orthu ná ní mhéadaíonn sé an raon láithreach maidir le bailiú sonraí fuinnimh san AE. Dá thairbhe sin, níl sé mar aidhm ag an Rialachán beartaithe modhnú a dhéanamh ar an obair staidrimh atá á déanamh ach creat dlíthiúil a chur ar fáil dó.

Tá an creat dlíthiúil seo á bheartú tráth atá breis deacrachtaí ag Ballstáit maidir le bailiú ábhar sonraí. Tháinig líon mór tairgeoirí agus athdhíoltóirí fuinnimh chun cinn de thoradh ar an léirscaoileadh ar an margadh fuinnimh, rud a rinne an bailiú sonraí i bhfad níos casta. Chuir sé seo brú ar na hacmhainní arna gcionroinnt ar bhailiú sonraí fuinnimh, go háirithe toisc gurb é fuinneamh ceann de na fearainn staidrimh atá fós gan rialáil.

De bharr go n-ardaíonn an léirscaoileadh margaidh seo ceisteanna maidir le rúndacht gnó, tá sé níos deacra ar na Ballstáit a gcuid obair staidrimh a bhaint amach trí chomhaontú oinigh.

Le blianta anuas, tá meath ginearálta le feiceáil ar an gcáilíocht staidrimh (iomláine, cruinneas, tráthúlacht). Meastar go bhfuil sé iomchuí tionscnaimh a ghlacadh chun béim a leagan ar an ngá atá le sonraí fuinnimh iontaofa i.a. trí dhaingniú rialaithe a thabhairt ar an ngá atá le hobair thábhachtach an bhailithe sonraí seo.

Tá eolas níos fearr ag saoránaigh agus lucht cinnteoireachta na hEorpa ar na deacrachtaí a bhaineann leis an staid fuinnimh mar gheall ar na méaduithe suntasacha atá tagtha le déanaí ar na praghasanna fuinnimh. Ní mór sonraí staidrimh tráthúla agus iomlána maidir le fuinneamh a bheith ar fáil d'fhonn léargas a fháil ar an staid fuinnimh seo.

1.3. Forálacha láithreacha i réimse an togra

Moladh 88/96/CEGC ón gCoimisiún maidir le staidreamh guail, imithe in éag mar aon le CEGC ar an 23 Iúil 2002.

Rialachán (CE) Uimh. 2964/95 ón gComhairle an 20 Nollaig 1995 lena dtugtar isteach clárú maidir le hallmhairí agus seachadtaí amhola sa Chomhphobal. Folaíonn an Rialachán beartaithe na sonraí i bhfoirm chomhiomlánaithe agus déanfar fadhbanna rúndachta a choisceann scaipeadh tráthúil a réiteach tríd an mbailiú sonraí dá dtagraíonn an togra Rialacháin seo.

Ní mór a chur san áireamh go bhfuil roinnt forálacha dlíthiúla ann maidir le praghasanna fuinnimh, fiú mura gcuimsíonn an togra seo praghasanna fuinnimh. Tá siad liostaithe anseo chun gur féidir teacht orthu go héasca:

- Cinneadh 1999/566/CE ón gCoimisiún an 26 Iúil 1999 ag cur Chinneadh 1999/280/CE ón gComhairle chun feidhme a mhéad a bhaineann le nós imeachta faisnéise agus comhairliúcháin Comhphobail maidir le costais soláthairtí amhola agus praghasanna táirgí peitriam do thomhaltóirí. Ní fholáíonn an Rialachán beartaithe na sonraí dá dtagraítear sa Chinneadh seo.
- Treoir 90/377/CEE ón gComhairle an 29 Meitheamh 1990 maidir le nós imeachta Comhphobail chun trédhearcacht phraghsanna gáis agus leictreachais arna ngearradh ar an úsáideoir deiridh tionsclaíoch a fheabhsú.

1.4. Comhchuibheas le beartais agus cuspóirí eile an Aontais

Déantar tagairt mhionsonraithe do bheartais leathana fuinnimh an AE san fhírinniú den togra seo. Déanann Prótacal Kyoto ceanglais d'ardchaighdeán a fhorchur maidir le sonraí fardail gás ceaptha teasa, as a bhfuil tomhaltas fuinnimh freagrach don chuid is mó. Ceanglaíonn beartais an AE maidir le fuinneamh agus fuinneamh in-athnuaite go ndéanfar faireachán cainníochtúil mionsonraithe chun an dul chun cinn i ndáil leis na spriocanna a mheas. Ina theannta sin, folaíonn an straitéis Chomhphobail maidir le forbairt inbhuanaithe spriocanna tábhachtacha go háirithe ar fhorbairt bithbhreoslaí agus breoslaí inathnuaite eile, a bhfuil a sonraí cuimsithe sa Rialachán seo freisin.

2) COMHAIRLIÚCHÁN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNÚ IARMHARTA

2.1. Comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara

Modhanna comhairliúcháin, na príomhearnálacha ar díriodh orthu agus cuntas gairid ginearálta ar na freagraithe

Rinneadh an t-ábhar togra a phlé ag cruinniú grúpa oibre ar an 13-14 Meitheamh 2005 i Lucsburg, trí chomhfhreagras le soláthraithe láithreacha sonraí sna Ballstáit ina dhiaidh sin agus ag an gcruinniú den Choiste um Chlár Staidrimh ar an 18-19 Bealtaine 2006.

Achoimre ar na freagraí agus ar an tslí ar cuireadh san áireamh iad

Tá freagra tacaíochta agus dearfach faighte.

2.2. Bailiú agus úsáid saineolais

Ní raibh aon ghá le saineolas seachtrach.

2.3. Measúnú iarmharta

Beidh iarmhairt teoranta ar na Ballstáit ag cur i bhfeidhm an Rialacháin bheartaithe, toisc go mbeidh an bailiú sonraí curtha i gcrích ina iomláine ar bhonn deonach cheana féin.

Tá an-tábhacht ag baint leis an togra seo ó thaobh dálaí comhshaoil mar gheall ar an mórthionchar a bhíonn ag an úsáid fuinnimh ar an gcomhshaoil. Éascófar, trí bhíthin sonraí beachta agus tráthúla maidir leis an staid fuinnimh san AE, léargas cruinn agus cainníochtúil a thabhairt ar an iarmhairt seo agus ar na treochtaí láithreacha.

Tá an tionchar eacnamaíoch teoranta. Cuirfidh an tairiscint seo, áfach, pictiúr níos soiléire ar fáil ar allmhairí agus onnmhairí fuinnimh, agus ar tháirgeadh agus tomhaltas de réir breosla.

3) GNÉITHE DLÍTHIÚLA AN TOGRA

3.1. Achoimre ar an ngníomh beartaithe

Is é cuspóir an togra seo le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle creat coiteann a bhunú chun staidreamh Comhphobail a bhailiú agus a chur le chéile i ndáil le táirgeadh fuinnimh, le hallmhairí agus onnmhairí fuinnimh, claochlú agus tomhaltas fuinnimh. Baineann an creat seo úsáid fhairsing as an mbailiú sonraí atá ann agus as an gcomhoibriú ag leibheál idirnáisiúnta le heagraíochtaí iomchuí eile, sa chaoi is go ndéanfar comhionannas modheolaíoch agus inchomparáideacht sonraí a áirithiú. Ní hí an sprioc, mar sin, fearann staidrimh nua a oscailt, ach bunús dlí cabhrach a chur ar fáil don iarracht thábhachtach atá ann chun sonraí iontaofa a chur ar fáil go tráthúil do bheartas an Chomhphobail i réimse an Fhuinnimh.

3.2. Bunús Dlí

Cuirfidh Airteagal 285 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh bunús dlí ar fáil do staidreamh Comhphobail. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta an chomhchinnidh, bearta a ghlacadh chun staidreamh a chur ar fáil, nuair is gá sin chun gníomhaíochtaí an Chomhphobail a chomhlíonadh. Leagann an tAirteagal seo amach ceanglais maidir le staidreamh Comhphobail a chur ar fáil agus ceanglaíonn sé comhréireacht le caighdeáin neamhchlaontachta, iontaofachta, oibiachtúlachta, neamhspleáchais eolaíochta, éifeachtúlachta costais agus rúndachta staidrimh.

3.3. Prionsabal na coimhdeachta

Ós rud é nach féidir cuspóirí an bhirt bheartaithe, eadhon creat coiteann a bhunú maidir le soláthar, seachadadh, measúnú agus scaipeadh staidrimh fuinnimh inchomparáide sa Chomhphobal, a ghnóthú go leordhóthanach ar leibhéal na mBallstát agus gur fearr, dá bhri sin, is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Chomhphobail, ar bhonn gnímh dhlíthiúil Chomhphobail, toisc gurb é an Coimisiún amháin atá in ann an comhchuibhiú faisnéise staidrimh is gá a chomhordú ar leibhéal an Chomhphobail, fad is atá na Ballstáit ábalta bailiú sonraí agus tiomsú staidrimh inchomparáide maidir le fuinneamh a eagrú, féadfaidh an Comhphobal bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a shainítear in Airteagal 5 den Chonradh é.

3.4. Prionsabal na comhréireachta

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta ar an gcúis/na cúiseanna seo a leanas.

I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, teoraíonn an Rialachán seo é féin don íosmhéid is gá a dhéanamh chun an cuspóir seo a bhaint amach agus ní théann sé thar mar is gá chun críche sin. Ní dhéanann an Rialachán seo na sásraí um bailiú sonraí do gach Ballstát a reachtú; ní dhéanann sé ach na sonraí fuinnimh a shainmhíniú ar sonraí iad a sholáthrófar i struchtúr comhchuibhithe agus de réir amchláir chomhchuibhithe.

Níl aon oibleagáid ar na Ballstáit aon athruithe a dhéanamh ar a gcuid córas riaracháin a bhaineann le soláthar staidrimh fuinnimh. Níl aon ábhair nua beartaithe maidir le bailiú sonraí sa Rialachán seo, ach amháin an méid atá á dhéanamh cheana féin ar bhonn deonach ar leibhéal AE.

Tá sé intuigthe go bhféadfadh roinnt forbairtí nó breisithe a bheith i gceist ar a gcuid córas staidrimh fuinnimh láithreach do Bhallstáit áirithe leis an reachtaíocht seo. Leanfaidh Eurostat de bheith ag obair go dlúth leis na húdaráis náisiúnta inniúla agus beidh sé mar aidhm aige aon deacrachtaí a chruthóidh cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a íoslaghdú.

3.5. Rogha ionstraimí

Ionstraimí beartaithe: rialachán.

Ní bheadh modhanna eile leordhóthanach ar an gcúis/na cúiseanna seo a leanas.

Agus tréithe sonracha gach ionstraim reachtach mar atá tuairiscithe in Airteagal 249 den Chonradh CE á gcur san áireamh, féadfar a mholadh gurb iad Rialacháin an uirlis is iomchuí chun staidreamh Comhphobail a chur ar fáil.

Go deimhin, is gá formhór na gceanglas maidir le staidreamh a fhorghníomhú go díreach agus láithreach sna Ballstáit. Go hiondúil baineann siad le haonaid staidrimh a aithnítear go sonrach sna Ballstáit, agus bíonn an cuspóir soiléir agus infheidhme láithreach agus sonraítear na heilimintí go léir a dhéanfar suirbhé orthu san ionstraim mar aon le modheolaíocht, tráthúlacht agus tréimhsiúlacht. Dá bhrí sin, ní bhíonn siad spleách i gcoitinne ar bhearta náisiúnta maidir le comhchuíbhiú. Ní gá d'údaráis náisiúnta, a mbaineann na bearta leo, ach iad a chur chun feidhme.

4) IMPLEACHT BHUISÉADACH

Níl impleacht ar bith ag an togra maidir le buiséad an Chomhphobail.

5) FAISNÉIS BHREISE.

5.1. Limistéar Eorpach Eacnamaíoch

Baineann an gníomh beartaithe le hábhar an LEE agus dá bhrí sin ba cheart go gcuimseodh sé an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le staidreamh fuinnimh

(Téacs is ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 285(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún¹,

Ag gníomhú de réir an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 251 den Chonradh²,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Tá sonraí beachta, tráthúla ag teastáil ón gCoimisiún maidir le cainníochtaí fuinnimh, a gcuid foirmeacha, foinsí, giniúna, soláthair, claochlaithe agus tomhaltais, chun faireachán a dhéanamh ar thionchar agus iarmhairtí a chuid oibre beartais maidir le fuinneamh.
- (2) Tá sé riachtanach go mbeidh faisnéis atá beacht agus suas chun dáta ar fáil chun tionchar tomhaltais fuinnimh ar an gcomhshaol a mheasúnú, go háirithe i ndáil le hastaíochtaí gás ceaptha teasa; ceanglaítear an fhaisnéis seo le Cinneadh 280/2004/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 maidir le sásra chun faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de chuid an Chomhphobail agus maidir le Prótacal Kyoto a chur chun feidhme³.
- (3) Maidir le Treoir 2001/77/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 2001 maidir le leictreachas arna thairgiú ó fhoinsí inathnuaite fuinnimh a chur ar aghaidh sa mhargadh inmheánach leictreachais⁴ agus Treoir 2004/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra maidir le comhghiniúint a chur chun cinn bunaithe ar éileamh teasa úsáideach sa mhargadh inmheánach fuinnimh agus lena leasaítear Treoir 92/42/CEE⁵, ceanglaíonn siad ar Bhallstáit sonraí fuinnimh cainníochtúla a thuairisciú. D'fhonn an éabhlóid i dtreo na gcuspóirí seo, tá sonraí atá beacht agus suas chun dáta ag teastáil.

¹ IO C , , lch. .

² IO C , , lch. .

³ IO L 49, 19.2.2004, lch. 1.

⁴ IO L 283, 27.10.2001, lch. 33.

⁵ IO L 167, 22.6.1992, lch. 17. Rialachán arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 2004/08/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 52, 21.2.2004, lch. 50).

- (4) Maidir leis na Páipéir Uaine COM(2005) 265 ón gCoimisiún an 22 Meitheamh 2005 maidir le hÉifeachtacht Fuinnimh nó Breis a Bhaint as Beagán agus COM(2006) 105 an 8 Márta 2006 maidir le Straitéis Eorpach ar Fhuinneamh Inmharthana, Iomaíoch agus Slán, leagan siad síos beartais fuinnimh AE dá bhfuil rochtain ar shonraí fuinnimh AE ag teastáil (i measc críoch eile, chun Réadlann Soláthair Eorpach a bhunú).
- (5) Mar gheall ar an léirscaoileadh ar an margadh fuinnimh tá sé ag éirí níos deacra sonraí fuinnimh iontaofa agus tráthúla a fháil mura bhfuil bunús dlí ann maidir le soláhtar na sonraí sin.
- (6) Tá sé fíor-riachtanach go mbeidh córas staidrimh a bhaineann le fuinneamh in ann dul in oiriúint go solúbtha do staid a bhfuiltear ag súil ina leith go dtiocfaidh sé chun cinn sa todhchaí.
- (7) Tá soláthar staidrimh Chomhphobail faoi rialú ag na rialacha a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 322/97 an 17 Feabhra 1997 maidir le Staidreamh Comhphobal⁶.
- (8) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon creat coiteann a bhunú maidir le soláthar, seachadadh, measúnú agus scaipeadh staidrimh fuinnimh inchomparáide sa Chomhphobal, a ghnóthú go leordhóthanach ar leibhéal na mBallstát agus gur fearr, dá bhrí sin, is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Chomhphobail, féadfaidh an Comhphobal bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a shainítear in Airteagal 5 den Chonradh é. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.
- (9) Le linn staidreamh Comhphobail a sholáthar agus a scaipeadh faoin Rialachán seo, déanfaidh na húdaráis staidrimh náisiúnta agus Comhphobail na prionsabail a leagtar amach sa Chód Cleachtais do Staidreamh Eorpach a ghlac an Coiste um Chlár Staidrimh an 24 Feabhra 2005 agus a bhí ag gabháil leis an Moladh ón gCoimisiún maidir le neamhspleáchas, iontaofacht agus freagracht na n-údarás staidrimh náisiúnta agus Comhphobal⁷.
- (10) Ba chóir na bearta is gá chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm a ghlacadh i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 ag leagan síos na rialacha mionsonraithe maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún⁸.
- (11) Go háirithe, maidir leis na bearta a bhfuil raon feidhme ginearálta acu agus a ceapadh chun míreanna neamhriachtanacha den Rialachán a leasú, ba chóir iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú. Maidir le bearta eile a bhfuil raon feidhme ginearálta acu agus lena gcuirtear míreanna riachtanacha den rialachán chun feidhme, ba chóir iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin.

⁶ IO L 52, 22.2.1997, lch. 1.

⁷ COM(2005) 217.

⁸ IO L 184, 17.7.1999, lch. 45. Cinneadh mar atá arna leasú go deireanach le Cinneadh Uimh. 2006/512/CE ón gComhairle an 17.7.2006 (IO L 200, 22.7.2006, lch.11).

- (12) Caithfear a bheith ag súil leis go bhféadfaidh an Coimisiún díolúintí nó maoluithe a dheonú do Bhallstáit ó na codanna sin den bhailiú sonraí fuinnimh a chuirfeadh ualach iomarcach ar fhreagróirí.
- (13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chlár Staidrimh (CCS), a bunaíodh le Cinneadh 89/382/CEE ón gComhairle an 19 Meitheamh 1989⁹.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1
Ábhar agus raon feidhme

1. Bunaíonn an Rialachán seo creat coiteann maidir le soláthar, seachadadh, measúnú agus scaipeadh staidrimh fuinnimh inchomparáide sa Chomhphobal.
2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le sonraí staidrimh a bhaineann le táirgí fuinnimh agus a gcomhiomláin sa Chomhphobal.

Airteagal 2
Sainmhínte

Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (a) ciallaíonn "staidreamh Comhphobail" staidreamh Comhphobail mar atá siad sainithe sa chéad fhleasc d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 322/97;
- (b) ciallaíonn "staidreamh a chur ar fáil" staidreamh a chur ar fáil mar atá sé sainithe sa dara fleasc d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 322/97;
- (c) ciallaíonn "údarás Comhphobail" údarás Comhphobail mar atá sé sainithe sa cheathrú fleasc d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 322/97;
- (d) ciallaíonn "táirgí fuinnimh" breoslaí indóite, teas, fuinneamh inathnuaite, leictreachas, nó aon fhoirm fhisiciúil eile fuinnimh;
- (e) ciallaíonn "comhiomláin" sonraí comhiomlánaithe ar leibhéal náisiúnta maidir le cóireáil nó úsáid táirgí fuinnimh, eadhon táirgeadh, trádáil, stoic, claochlú, tomhaltas, agus gnéithe struchtúracha an chórais fuinnimh ar nós e.g. toilltí suiteáilte maidir le giniúint leictreachais nó toilltí táirgthe maidir le táirgí ola;
- (f) ciallaíonn "cáilíocht sonraí" na gnéithe seo a leanas de cháilíocht staidrimh: ábharthacht, beachtas, tráthúlacht agus poncúlacht, inrochtaineacht agus soiléire, comparáideacht, comhcuibheas agus iomláine;

⁹ IO L 181, 28.6.1989, lch. 47.

Airteagal 3
Foinsí sonraí

1. Le linn na prionsabail maidir le hualach laghdaithe ar fhreagróirí agus le simpliú riaracháin a chur chun feidhme, tiomsóidh Ballstáit sonraí a bhaineann le táirgí fuinnimh agus a gcomhiomláin sa Chomhphobal ó na foinsí seo a leanas:
 - (a) suirbhéanna sonracha staidrimh a bheidh dírithe chuig na táirgeoirí príomhúla agus táirgeoirí fuinnimh chlaochlaithe, dáileoírí agus iompróirí, allmhaireoirí agus onnmhaireoirí táirgí fuinnimh,
 - (b) suirbhéanna staidrimh eile a bheidh dírithe chuig úsáideoirí fuinnimh in earnáil an tionscail déantúsaíochta, earnáil an iompair, agus in earnálacha eile lena n-áirítear teaghaisí.
 - (c) nósanna imeachta maidir le meastachán staidrimh nó foinsí eile, lena n-áirítear foinsí riaracháin.
2. Leagfaidh Ballstáit síos na rialacha mionsonraithe a bhaineann le tuairisciú na sonraí a bheidh ag teastáil ó ghnóthais agus ó fhoinsí eile le haghaidh staidrimh náisiúnta mar atá sonraithe in Airteagal 4.
3. Féadfar liosta na bhfoinsí sonraí a mhodhnú i gcomhréir leis an nós imeachta a shonraítear in Airteagal 9(2).

Airteagal 4
Comhiomláin, táirgí fuinnimh agus minicíocht tarchuir is infheidhme maidir le staidreamh náisiúnta

1. Is mar atá leagtha amach sna hIarscríbhinní a bheidh staidreamh náisiúnta a bhaileofar. Déanfar iad a tharchur laistigh de na tréimhsiúlachtaí seo a leanas:
 - (a) go bliantúil, maidir le staidreamh fuinnimh in Iarscríbhinn B;
 - (b) go míosúil, maidir le staidreamh fuinnimh in Iarscríbhinn C;
 - (c) go míosúil gearrthéarmach, maidir le staidreamh fuinnimh in Iarscríbhinn D.
2. Sna hIarscríbhinní aonair agus in Iarscríbhinn A freisin tugtar soiléiriú nó sainmhínithe a bhaineann leis na téarmaí teicniúla a úsáidtear ("Soiléiriú ar Théarmaíocht").
3. Féadfar an staidreamh náisiúnta agus an soiléiriú nó na sainmhínithe lena mbaineann a mhodhnú i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 9(2).

Airteagal 5
Tarchur

1. Déanfaidh Ballstáit staidreamh náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 4 a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat).
2. Is mar atá leagtha amach sna hIarscríbhinní a bheidh na socruithe maidir lena dtarchur, lena n-áirítear na teorainneacha ama, maoluithe agus díolúintí is infheidhme.
3. Féadfar na socruithe i ndáil le tarchur staidrimh náisiúnta a mhodhnú i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 9(2).
4. Ar iarraidh chuí réasúnach ó Bhallstát, féadfaidh an Coimisiún díolúintí nó maoluithe breise a dheonú i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 9(3), i leith na gcodanna sin den staidreamh náisiúnta a gcuirfeadh a dtiomsú ualach iomarcach ar fhreagróirí.

Airteagal 6
Critéir cháilíochta agus tuarascálacha

1. Cinnteoidh Ballstáit cáilíocht na sonraí a tharchuirfead.
2. Déanfar gach iarracht réasúnach chun comhchuibheas a áirithiú idir sonraí fuinnimh a dhearbhófar i gcomhréir le hIarscríbhinn B agus sonraí a dhearbhófar i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 2005/166/CE ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2005 ag leagan síos rialacha chun Cinneadh Uimh. 280/2004/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme maidir le sásra chun faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de chuid an Chomhphobail agus maidir le Prótacal Kyoto a chur chun feidhme¹⁰.
3. Féadfar sonraíochtaí modheolaíochta a fhorbairt agus a uasdátú ina dhiaidh sin i gcomhréir leis an nós imeachta a shonraítear in Airteagal 9(3), ar sonraíochtaí iad atá ceaptha chun cáilíocht na sonraí a tharchuirfead a áirithiú.
4. Faoi cheann sé mhí tar éis iarraidh a fháil ón gCoimisiún (Eurostat), agus chun deis a thabhairt dó cáilíocht na sonraí arna dtarchur a mheasúnú, déanfaidh Ballstáit tuarascáil ina bhfuil aon fhaisnéis ábhartha maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat).

Airteagal 7
Am tagartha agus tréimhsiúlacht

Tiomsóidh Ballstáit na sonraí go léir a shonraítear sa Rialachán seo ó thús na bliana féilire tar éis ghlacadh an Rialacháin seo, agus tarchuirfidh siad iad uaidh sin amach de réir na dtréimhsiúlachtaí a shaineofar i gcomhréir le hAirteagal 4(1).

¹⁰ IO L 55, 1.3.2005, lch. 57.

Airteagal 8
Bearta cur chun feidhme

1. Déanfar na bearta seo a leanas atá riachtanach maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a leagan síos i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 9(2):
 - (a) modhnuithe ar liosta na bhfoinsí sonraí (Airteagal 3(3));
 - (b) modhnuithe ar staidreamh náisiúnta agus ar an soiléiriú nó ar na sainmhínithe is infheidhme (Airteagal 4(3));
 - (c) modhnuithe ar na socruithe tarchuir (Airteagal 5(3)).
2. Déanfar na bearta seo a leanas atá riachtanach maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a leagan síos i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 9(3):
 - (a) díolúintí nó maoluithe breise a dheonú (Airteagal 5(4));
 - (b) sonraíochtaí modheolaíochta a fhorbairt agus a uasdátú (Airteagal 6(3)).
3. Tabharfar aird ar an bprionsabal gur móide na sochair a bhaineann le huasdátú ná a chostais, agus ar an bprionsabal go bhfanfaidh costais bhreise agus ualach breise laistigh de theorainn réasúnach.

Airteagal 9
Coiste

1. Cabróidh an Coiste um Chlár Staidrimh leis an gCoimisiún.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus arna leagan síos in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.
3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag an nós imeachta rialúcháin arna leagan síos in Airteagal 5 agus 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

Tréimhse trí mhí a bheidh sa tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 5(6) de Chinneadh 1999/468/CE.

4. Glacfaidh an coiste a rialacha nós imeachta.

Airteagal 10
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, [...]

Thar ceann Parlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

IARSCRÍBHINN A – SOILÉIRIÚ AR THÉARMAÍOCHT

Soláthraíonn an iarscríbhinn seo mínithe nó sainmhínithe ar théarmaí a úsáidtear sna hiarscríbhinní eile.

1. NÓTAÍ GEOGRAFACHA

Chun staidreamh a thuairisciú agus chuige sin amháin, beidh feidhm ag na sainmhínithe geografacha seo a leanas.

- Ní chuimsíonn an Astráil na críocha thar lear.
- Ní chuimsíonn an Danmhairg Oileáin Fharó na Danmhairge nó an Ghraonlainn.
- Cuimsíonn an Fhrainc Monacó ach ní chuimsíonn sí na críocha Francacha thar lear Guadeloupe, Martinique, Guyane, Reunion, St.-Pierre agus Miquelon, An Nua-Chaladóin, Polainéis na Fraince, Vailís agus Futúna, Mayotte.
- Cuimsíonn an Iodáil San Mairíne agus Cathair na Vatacáine.
- Cuimsíonn an tSeapáin Okinawa.
- Ní chuimsíonn an Ísiltír Suranam nó Aintillí na hÍsiltíre.
- Cuimsíonn an Phortaingéil na hAsóir agus Maidéara.
- Cuimsíonn an Spáinn na hOileáin Chanáracha.
- Ní chuimsíonn an Eilvéis Lichtinstéin.
- Cuimsíonn na Stáit Aontaithe an 50 Stát, Ceantar Columbia, Oileáin Mheiriceánacha na Maighdean, Pórtó Ríce agus Guam.

2. COMHIOMLÁIN

Aicmeofar táirgeoirí de réir chríoch an táirgthe:

- Táirgeoir Príomhghníomhaíochta: fiontair, ar úinéireacht phríobháideach nó phoiblí, a ghineann leictreachas agus/nó teas lena dhíol le tríú páirtithe, mar phríomhghníomhaíocht dá gcuid.
- Uath-tháirgeoirí: fiontair, ar úinéireacht phríobháideach nó phoiblí, a ghineann leictreachas agus/nó teas go hiomlán nó go páirteach dá n-úsáid féin mar ghníomhaíocht a thacaíonn lena bpríomhghníomhaíocht.

Nóta: féadfaidh an Coimisiún téarmaíocht a shoiléiriú tuilleadh trí thagairtí ábhartha NACE a chur léi trí nós imeachta coiste tar éis d'athbhreithniú ar aicmiú NACE teacht i bhfeidhm.

2.1. Earnáil an tSoláthair agus an Chlaochlaithe

<p>Táirgeadh/Táirgeadh Dúchasach</p> <p>Cainníochtaí breoslaí a eastósctar nó tháirgtear, arna ríomh tar éis aon oibríocht a dhéanamh chun támhábhair a bhaint. Folaíonn táirgeadh na cainníochtaí a thomhlaíonn an táirgeoir sa phróiseas táirgthe (e.g. do théamh nó d'oibriú trealamh agus trealamh cúnta) mar aon le soláthairtí fuinnimh lena gclaochlú nó le haghaidh úsáidí eile chuig táirgeoirí eile.</p> <p>Modhanna dúchasacha: táirgeadh ó acmhainní laistigh den stát lena mbaineann.</p>
<p>Allmhairí/Onnmhairí</p> <p>Le haghaidh sainmhínte geografacha feic an t-alt ar "Nótaí Geografacha".</p> <p>Mura sonraítear a mhalairt, tagraíonn "onnmhairí" don tionscnamh faoi dheoidh (an tír inar táirgeadh an táirge fuinnimh) lena n-úsáid sa tír agus tagraíonn "allmhairí" don tír ina dtomhlaítear faoi dheoidh an táirge táirgthe fuinnimh.</p> <p>Measfar méideanna a bheith allmhairithe nó onnmhairithe nuair a thrasnóidh siad teorainneacha polaitiúla na tíre, cibé acu a bheidh imréiteach custam déanta nó nach mbeidh.</p> <p>I gcás nach féidir aon tionscnamh nó ceann scríbe a thuairisciú féadfar 'Eile' a úsáid.</p> <p>Féadfaidh éagsúlachtaí staidrimh teacht chun cinn mura bhfuil ach allmhairí agus onnmhairí iomlána ar fáil ar an mbonn thuas, fad a bheidh an miondealú bunaithe ar shuirbhé, foinse nó coincheap éagsúil. Sa chás seo, folófar éagsúlachtaí faoi 'Eile'.</p>
<p>Umair Mhuirí Idirnáisiúnta</p> <p>Cainníochtaí breoslaí arna seachadadh chuig longa de gach bratach atá ag gabháil do loingseoireacht idirnáisiúnta. Féadfaidh loingseoireacht idirnáisiúnta tarlú ar muir, lochanna agus ar uiscebhealaí intíre, agus in uiscí cósta. Ní fholaítear:</p> <ul style="list-style-type: none">- tomhaltas ag longa atá ag gabháil do loingseoireacht intíre. Ba chóir go ndéanfaí an deighilt intíre/idirnáisiúnta a chinneadh ar bhonn an chalafoirt imeachta agus an chalafoirt teachta seachas ar bhonn bhratach nó náisiúntacht na loinge.- tomhaltas ag árthaí iascaireachta- tomhaltas ag fórsaí míleata
<p>Athruithe ar Stoic</p> <p>An difríocht idir an leibhéal stoic tosaigh agus an leibhéal stoic dúnta le haghaidh stoc atá á sealbhú ar chríoch náisiúnta.</p>
<p>Olltomhaltas (ríofa)</p> <p>Luach ríofa, arna shainiú mar seo a leanas:</p> <p>Táirgeadh dúchasach + Ó fhoinsí eile + Allmhairí – Onnmhairí – Umair mhuirí idirnáisiúnta + Athruithe ar stoic</p>
<p>Olltomhaltas (breathnaithe)</p> <p>An chainníocht a taifeadadh iarbhír i suirbhéanna ar earnálacha úsáide deiridh.</p>
<p>Difríochtaí Staidrimh</p> <p>Luach ríofa, arna shainiú mar seo a leanas:</p> <p>Olltomhaltas ríofa – olltomhaltas breathnaithe.</p>

Folaíonn sé athruithe ar stoic ag an tomhaltas deiridh mura féidir é seo a shainiú mar chuid de "Athruithe ar stoic".

Ba chóir na cúiseanna a bheidh le haon mhórdhifríochtaí a lua.

Gléasraí Leictreachais na dTáirgeoirí Príomhghníomhaíochta

Cainníochtaí breoslaí a úsáidtear chun leictreachas a tháirgeadh.

Déanfar breoslaí arna n-úsáid ag gléasraí agus a bhfuil aonad CTC amháin ar a laghad iontu a thuairisciú faoi Gléasraí CTC na dTáirgeoirí Príomhghníomhaíochta.

Gléasraí Cumaisc Teasa agus Cumhachta (CTC) na dTáirgeoirí Príomhghníomhaíochta

Cainníochtaí breoslaí a úsáidtear chun leictreachas agus teas a tháirgeadh.

Gléasraí Teasa na dTáirgeoirí Príomhghníomhaíochta

Cainníochtaí breoslaí a úsáidtear chun teas a tháirgeadh.

Gléasraí Leictreachais Uath-tháirgeoirí

Cainníochtaí breoslaí a úsáidtear chun leictreachas a tháirgeadh.

Déanfar breoslaí arna n-úsáid ag gléasraí agus a bhfuil aonad CTC amháin ar a laghad iontu a thuairisciú faoi Gléasraí CTC Uath-Tháirgeoirí.

Gléasraí Cumaisc Teasa agus Cumhachta (CTC) Uath-Tháirgeoirí

Cainníochtaí breoslaí a fhreagraíonn don chainníocht leictreachais a tháirgtear agus don chainníocht teasa a dhíoltar.

Gléasraí Teasa Uath-Tháirgeoirí

Cainníochtaí breoslaí a fhreagraíonn don chainníocht teasa a dhíoltar.

Gléasraí Teasa Paitinne:

Cainníochtaí a úsáidtear chun breoslaí a tháirgeadh.

Ní cóir cainníochtaí a úsáidtear do théamh agus d'oibriú trealaimh a dhearbhu anseo, ach is cóir iad a dhearbhu mar thomhaltas in Earnáil an fhuinnimh.

Oighinn Chóic:

Cainníochtaí a úsáidtear in oighinn chóic.

Ní cóir cainníochtaí a úsáidtear do théamh agus d'oibriú trealaimh a dhearbhu anseo, ach is cóir iad a dhearbhu mar thomhaltas in Earnáil an fhuinnimh.

Gléasraí BKB/PB:

Cainníochtaí ligníte nó guail doinn a úsáidtear chun brícíní guail doinn (BKB) a tháirgeadh nó cainníochtaí móna a úsáidtear chun brícíní móna (PB) a tháirgeadh.

Ní cóir cainníochtaí a úsáidtear do théamh agus d'oibriú trealaimh a dhearbhu anseo, ach is cóir iad a dhearbhu mar thomhaltas in Earnáil an fhuinnimh.

Oibreacha Gáis

Cainníochtaí a úsáidtear chun gás a tháirgeadh in oibreacha gáis agus i ngléasraí gásúcháin guail.

Ní cóir cainníochtaí a úsáidtear mar bhreosla do théamh agus d'oibriú trealaimh a áireamh anseo, ach is cóir iad a dhearbhu mar thomhaltas in Earnáil an fhuinnimh.

Foirneis Soinneáin

Cainníochtaí de ghual cóic agus/nó de ghual biotúmanach (dá ngairtear PCI i gcoitinne) agus de chóic oighinn chóic arna gclaochlú i bhfoirneisí soinneáin.

Ní cóir cainníochtaí a úsáidtear do théamh agus d'oibriú foirneisí soinneáin (e.g.: Gás foirneisí soinneáin) a áireamh anseo, ach is cóir iad a dhearbhu mar thomhaltas in Earnáil an fhuinnimh.

Leachtú Guail

Cainníochtaí breoslaí a úsáidtear chun ola shintéiseach a tháirgeadh.

Scaglanna peitriam:

Cainníochtaí a úsáidtear chun táirgí peitriam a tháirgeadh.

Ní cóir cainníochtaí a úsáidtear mar bhreosla do théamh agus d'oibriú trealaimh a dhearbhu anseo, ach is cóir iad a dhearbhu mar thomhaltas in Earnáil an fhuinnimh.

Nach bhfuil Sonraithe in Áit Eile – Claochlú

Cainníochtaí a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí claochlaithe agus nach bhfuil áirithe in áit eile. Má úsáidtear iad, ba chóir an méid atá áirithe faoin gceannteideal seo a mhíniú sa tuarascáil.

2.2. Earnáil an Fhuinnimh agus an Tomhaltas Deiridh

<p>Earnáil Iomlán an Fhuinnimh</p> <p>Cainníochtaí arna dtomhailt ag an tionscal fuinnimh chun tacú le hoibríochtaí eastósctha (mianadóireacht, táirgeadh ola agus gáis) nó le hoibríochtaí gléasra de chuid gníomhaíochtaí claochlaithe.</p> <p>Ní fholaíonn sé cainníochtaí breoslaí arna gclaochlú i bhfoirm eile fuinnimh (is cóir iad seo a thuairisciú faoi Earnáil an chlaochlaithe) nó cainníochtaí a úsáidtear chun tacú le hoibriú píblínte ola, gáis agus sciodair guail (is cóir iad seo a thuairisciú in Earnáil an Iompair).</p> <p>Folaíonn sé monarú ábhar ceimiceach d'eamhnú agus do chomhleá adamhach agus táirgí na bpróiseas seo.</p>
<p>Gléasraí Leictreachais, CTC agus Teasa</p> <p>Cainníochtaí arna dtomhailt mar fhuinneamh i ngléasraí leictreachais, cumaisc teasa agus cumhachta (CTC) agus i ngléasraí teasa.</p>
<p>Mianaigh Ghuail</p> <p>Cainníochtaí arna dtomhailt mar fhuinneamh chun tacú le gual a eastóscadh agus a ullmhú laistigh de thionscal na gualmhianadóireachta.</p> <p>Ba chóir gual arna dhó i stáisiúin ghiniúna bhéal an tsloic a thuairisciú in Earnáil an Chlaochlaithe.</p>
<p>Gléasraí breosla paitinne</p> <p>Cainníochtaí arna dtomhailt mar fhuinneamh i ngléasraí breosla paitinne.</p>
<p>Oighinn Chóic</p> <p>Cainníochtaí arna dtomhailt mar fhuinneamh i ngléasraí cóic.</p>
<p>Gléasraí BKB/PB:</p> <p>Cainníochtaí arna n-úsáid mar fhuinneamh i ngléasraí BKP/PB.</p>
<p>Oibreacha Gáis/oibreacha gásúcháin</p> <p>Cainníochtaí arna dtomhailt mar fhuinneamh in oibreacha gáis agus i ngléasraí gásúcháin guail.</p>
<p>Foirnéisí Soinneáin</p> <p>Cainníochtaí arna dtomhailt mar fhuinneamh i bhfoirnéisí soinneáin.</p>
<p>Leachtú Guail</p> <p>Cainníochtaí arna dtomhailt mar fhuinneamh i ngléasraí leachtaithe guail.</p>

<p>Scaglanna Peitri Liam</p> <p>Cainníochtaí arna dtomhailt mar fhuinneamh i scaglanna peitri Liam.</p>
<p>Ola agus Gás a eastóscadh</p> <p>Cainníochtaí arna dtomhailt mar bhreosla i bpróiseas eastósctha ola agus gáis agus i ngléasraí próiseála gáis nádúrtha.</p> <p>Ní fholáionn sé cailteanais ó phíblíne (atá le tuairisciú mar Cailteanais dáilte) agus cainníochtaí arna n-úsáid chun píblínte a oibriú (atá le tuairisciú in Earnáil an iompair).</p>
<p>Tomhaltas Deiridh Iomlán</p> <p>Arna shainiú (ríofa) mar seo a leanas:</p> <p>= Úsáid neamhfhuinnimh iomlán + Tomhaltas Fuinnimh Deiridh (Tionscal + Iompar + Earnálacha eile)</p> <p>Ní fholáionn sé seachadtaí lena gclaochlú, lena n-úsáid ag na tionscail táirgthe fuinnimh, nó cailteanais dáilte.</p>
<p>Úsáid Neamhfhuinnimh</p> <p>Táirgí fuinnimh arna n-úsáid mar amhábhair sna hearnálacha éagsúla; sé sin le rá, nach dtomhlaítear mar bhreosla nó nach gclaochlaítear i mbreosla eile.</p>

2.3. Críochúsáid fuinnimh a shonrú

<p>Tomhaltas Fuinnimh Deiridh</p> <p>Tomhaltas fuinnimh deiridh in earnálacha an tionscail, an iompair agus in earnálacha eile.</p>
<p>Earnáil an Tionscail</p> <p>Tagraíonn sé seo do chainníochtaí breoslaí arna dtomhailt ag an ngnóthas tionscail d'fhonn tacú lena chuid príomhghníomhaíochtaí.</p> <p>Maidir le gléasraí teasa amháin nó le gléasraí CTC, ní bheidh feidhm ach amháin ag cainníochtaí breoslaí arna dtomhailt chun teas a tháirgeadh, ar teas é a úsáidfidh an gléasra féin. Maidir le cainníochtaí breoslaí arna dtomhailt chun teas a dhíolfar a tháirgeadh, agus chun leictreachas a tháirgeadh, ba chóir iad a thuairisciú faoi Earnáil an chlaochlaithe iomchuí.</p>
<p>Iarann agus Cruach</p> <p>Tionscail Cheimiceacha (lena n-áirítear Peitricimiceach) Cheimiceacha agus pheitricimiceacha.</p>
<p>Miotail Neamhfheiriúla</p> <p>Tionscal miotal neamhfheiriúil.</p>
<p>Mianraí Neamh-Mhiotalacha</p>

Gloine, ceirmeach, stroighin agus tionscail ábhar tógala eile.
Trealamh Iompair Tionscail a bhaineann leis an trealamh a úsáidtear d'iompar.
Innealra Táirgí miotail fhaibricithe, innealra agus trealamh seachas trealamh iompair.
Mianadóireacht agus Cairéalacht Ní folaíonn sé tionscail táirgthe fuinnimh.
Bia, Deochanna agus Tobac
Laíon, Páipéar agus Clódóireacht Folaíonn sé táirgeadh meán taifeadta.
Adhmad agus Táirgí Adhmaid (seachas laíon agus páipéar)
Foirgníú
Teicstíl agus Leathar
Nach bhfuil Sonraithe in Áit Eile - Tionscal Tomhaltas in earnálacha nach bhfuil folaithe sa mhéid sin thuas.
Earnáil an Iompair Fuinneamh arna úsáid sna gníomhaíochtaí iompair go léir gan spleáchas don earnáil gheilleagair ina dtarlaíonn an ghníomhaíocht.
Earnáil an Iompair - Iarnród An tomhaltas go léir a úsáidtear i dtrácht iarnróid, lena n-áirítear iarnróid tionsclaíocha.
Earnáil an Iompair – Loingseoireacht Intíre Cainníochtaí arna seachadadh chuig longa de gach bratach nach bhfuil ag gabháil do loingseoireacht idirnáisiúnta (feic Umair mhuirí idirnáisiúnta). Ba chóir go ndéanfaí an deighilt intíre/idirnáisiúnta a chinneadh ar bhonn an chalafoirt imeachta agus an chalafoirt teachta seachas ar bhonn bhratach nó náisiúntacht na loinge.
Earnáil an Iompair - Bóthar Cainníochtaí arna n-úsáid i bhfeithiclí bóthair. Folaíonn sé breosla arna úsáid ag feithiclí talmhaíochta ar mhórbhealaí agus bealaidh lena n-úsáid i bhfeithiclí bóthair. Ní fholáíonn sé fuinneamh arna úsáid in innill dho-aistrithe (feic Earnáil eile), le haghaidh úsáide neamh-mhórbhealaí i dtarracóirí (feic Talmhaíocht), úsáide míleata i bhfeithiclí bóthair (feic Earnáil eile – Nach bhfuil sonraithe in áit eile), biotúman arna úsáid i bhforéadanú bóthair agus fuinneamh arna úsáid in innill ar láithreáin fhoirgníochta (feic Tionscail fo-earnáil Foirgníú).
Earnáil an Iompair – Iompar Píblíne Cainníochtaí arna n-úsáid mar fhuinneamh chun tacú le píblínte a bheidh ag iompar gás, leachtanna, sciodar agus tráchtearraí eile agus chun na píblínte sin a oibriú.

Folaíonn sé fuinneamh a úsáidtear le haghaidh stáisiún caidéal agus chun an phíblíne a chothabháil.

Ní fholáíonn sé fuinneamh arna úsáid chun gás nádúrtha nó gás monaraithe, uisce te nó gal a dháileadh trí pháblíne ón dáileoir chuig úsáideoirí deiridh (atá le tuairisciú in earnáil an fhuinnimh), fuinneamh arna úsáid maidir le dáileadh deiridh uisce chuig úsáideoirí tí, tionscail, tráchtála agus úsáideoirí eile (atá le háireamh san Earnáil Tráchtála/Poiblí) agus cailteanais a tharlaíonn le linn an iompair seo idir an dáileoir chuig úsáideoirí deiridh (atá le tuairisciú mar chailteanais dáilte).

Earnáil an Iompair – Eitlíocht Idirnáisiúnta

Cainníochtaí breoslaí eitlíochta arna seachadadh chuig aerárthaí le haghaidh eitlíochta idirnáisiúnta. Ba chóir go ndéanfaí an deighilt intíre/idirnáisiúnta a chinneadh ar bhonn suíomh imeachta agus tuirlingthe seachas ar bhonn náisiúntacht na haerlíne.

Ní fholáíonn sé breoslaí arna n-úsáid ag aerlínte dá bhfeithiclí bóthair (atá le tuairisciú in earnáil an iompair - Nach bhfuil sonraithe in áit eile) agus úsáid mhíleata breoslaí eitlíochta (atá le tuairisciú in Earnálacha eile – Nach bhfuil sonraithe in áit eile).

Earnáil an Iompair – Eitlíocht Intíre

Cainníochtaí breoslaí eitlíochta arna seachadadh chuig aerárthaí le haghaidh eitlíochta intíre – tráchtáil, príobháideach, talmhaíocht, etc.

Folaíonn sé breosla arna úsáid le haghaidh críoch eile seachas eitilt, e.g. tagarthástáil inneall. Ba chóir go ndéanfaí an deighilt intíre/idirnáisiúnta a chinneadh ar bhonn suíomh imeachta agus tuirlingthe seachas ar bhonn náisiúntacht na haerlíne.

Ní fholáíonn sé breoslaí arna n-úsáid ag aerlínte dá bhfeithiclí bóthair (atá le tuairisciú in earnáil an iompair - Nach bhfuil sonraithe in áit eile) agus úsáid mhíleata breoslaí eitlíochta (atá le tuairisciú ina Earnálacha eile – Nach bhfuil sonraithe in áit eile).

Earnáil an Iompair – Nach bhfuil Sonraithe in Áit eile

Cainníochtaí a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí iompair agus nach bhfuil ar áireamh in áit eile.

Folaíonn sé breoslaí arna n-úsáid ag aerlínte dá bhfeithiclí bóthair agus breoslaí arna n-úsáid sna calafoirt le haghaidh dílódaí long, cineálacha éagsúla craenacha.

Ní mór a bhfuil ar áireamh faoin gceannteideal seo a dhearbhu.

Earnálacha Eile

Earnálacha nach bhfuil luaite go sonrath nó nach mbaineann le fuinneamh, tionscal nó iompar.

Earnálacha Eile – Seirbhísí Tráchtála agus Poiblí

Breoslaí arna dtomhailt ag gnóthaí agus oifigí sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha.

Earnálacha Eile - Cónaitheach

Déanfar breoslaí arna dtomhailt ag gach teaghlach lena n-áirítear "teaghlaigh ina bhfuil daoine fostaithe" a dhearbhu.

Earnálacha Eile – Talmhaíocht/Foraoiseacht

Breoslaí arna dtomhailt ag úsáideoirí a bheidh aicmithe mar thalmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht.

Earnálacha Eile - Iascaireacht

Breoslaí arna seachadadh le haghaidh iascaireachta intíre, cósta agus domhainfharraige. Ba chóir go gcuimseodh iascaireacht breoslaí arna seachadadh chuig longa de gach bratach a athlínann le breosla sa tír (lena n-áirítear iascaireacht idirnáisiúnta) agus fuinneamh arna úsáid in earnáil na hiascaireachta.

Earnálacha Eile – Nach bhfuil Sonraithe in Áit eile

Is é an Glantuilleadh Leictreach Uasta suim ghlantóilltí uasta na stáisiún go léir á dtógáil go leithleach i gcaitheamh tréimhse áirithe oibríochta. Beidh feidhm leanúnach ag an tréimhse oibríochta a nglacfar léi chun na gcríoch seo: 15 huairé an chloig nó níos mó in aghaidh an lae. Is é an glantuilleadh uasta an chumhacht uasta a thiomhdeofar gur cumhacht ghníomhach amháin í agus gur féidir í a sholáthar, go leanúnach, le linn don ghléasraí a bheith ag oibriú, ag an bpointe asraoin chuig an líonra. Sainmhínítear an Buaicualach mar luach is airde na cumhachta a ghlacann nó a sholáthraíonn gléasra nó teaghlaim de líonraí laistigh den tír.

Ní mór na cainníochtaí seo a leanas a dhearbhu maidir le táirgeoirí príomhghníomhaíochta agus uath-tháirgeoirí:

1.	Iomlán
2.	Núicléach
3.	Hidreafhuinneamh
3.1	Mar atá: Taisce pumpála
4.	Geoiteirmeach
5.	Grianfhuinneamh
6.	Fuinneamh taoide, tonnfhuinneamh, fuinneamh aigéin
7.	Gaoth
8.	Breoslaí indóite
8.1	Mar atá: Gal
8.2	Mar atá: Dóchan inmheánach
8.3	Mar atá: Gástuirbín
8.4	Mar atá: Oibríocht chomhthimthrialla
8.5	Mar atá: Eile
	Le sonrú i gcás ina ndearbhaítear é.

Ní mór na cainníochtaí seo a leanas a dhearbhú maidir le táirgeoirí príomhghníomhaíochta amháin:

9.	Buaicualach
10.	Toilleadh atá ar fáil ag ambhuaic
11.	Dáta agus am an bhuaicualaigh

3.3.2. Olltoilleadh Leictreach Uasta de Bhreoslaí Indóite

Ní mór olltoilleadh leictreach uasta de bhreoslaí indóite a dhearbhú maidir le táirgeoirí príomhghníomhaíochta agus uath-tháirgeoirí ar aon, agus go leithleasach maidir le gach gléasra aonbhreoslaithe nó ilbhreoslaithe a luaitear sa chéad tábla eile. Ní mór sonraí a thabhairt maidir leis an gcineál breosla a úsáidtear mar bhreoslaí príomhúla agus malartacha i gcásanna uile gléasraí ilbhreoslaithe.

1.	Aonbhreoslaithe:
1.1	Breoslaithe le Gual nó le táirgí guail Folaíonn sé toilleadh maidir le gás oighinn chóic, foirnéis soinneáin agus gás foirnéise cruach ocsaigine.
1.2	Breoslaithe le Breoslaí leachtacha Folaíonn sé toilleadh gáis scaglainne.
1.3	Breoslaithe le Gás nádúrtha Folaíonn sé toilleadh gáis oibreacha gáis.
1.4	Breoslaithe le Móin
1.5	Breoslaithe le hAthnuachain indóite agus dramhaíl
2	Ilbhreoslaithe, Solaid Agus Leachtanna
3	Ilbhreoslaithe, Solaid Agus Gás Nádúrtha
4	Ilbhreoslaithe, Leachtanna Agus Gás Nádúrtha
5	Ilbhreoslaithe, Solaid, Leachtanna Agus Gás Nádúrtha

Ní fholáinonn córais ilbhreoslaithe ach amháin aonaid a fhéadfaidh níos mó ná cineál breosla amháin a dhó ar bhonn leanúnach. Ba chóir stáisiúin a bhfuil aonaid leithleacha acu a úsáideann breoslaí éagsúla a roinnt ina n-aicmí aonbhreoslaithe iomchuí.

3.4. AONAIID TOMHAIS

<p>1 Cainníochtaí Fuinnimh</p>	<p>Leictreachas: GWh</p> <p>Teas: TJ</p> <p>Breoslaí iontaise soladacha agus gáis mhonaraithe: beidh feidhm ag na haonaid tomhais i gCaibidil 1 den Iarscríbhinn seo.</p> <p>Gás Nádúrtha: beidh feidhm ag na haonaid tomhais i gcaibidil 2 den iarscríbhinn seo.</p> <p>Táirgí ola agus peitriiliam: beidh feidhm ag na haonaid tomhais i gcaibidil 4 den Iarscríbhinn seo.</p> <p>Athnuachain agus dramhaíl: beidh feidhm ag na haonaid tomhais i gcaibidil 5 den Iarscríbhinn seo.</p>
<p>2 Toilleadh</p>	<p>Toilleadh giniúna leictirigh: MWe</p> <p>Toilleadh giniúna teasa: MWt</p>

3.5. MAOLUITHE AGUS DÍOLÚINTÍ

Tá maolú ceithre bliana ag an bhFrainc tar éis dáta an Rialacháin seo a theacht i bhfeidhm, chun na comhiomláin a bhaineann le teas a thuairisciú.

4. TÁIRGÍ OLA AGUS PEITRILIAM

4.1. TÁIRGÍ FUINNIMH IS INFHEIDHME

Mura sonraítear a mhalairt beidh feidhm ag an mbailiú sonraí seo leis na táirgí fuinnimh seo a leanas:

Táirge Fuinnimh	Sainmhíniú
<p>1 Amhola</p>	<p>Is ola mhianrach í amhola de thionscnamh nádúrtha ina bhfuil meascán de hidreacarbóin agus d'eisionachtaí a ghabhann leo, ar nós sulfair. Bíonn sí ann sa tréimhse leachta faoi ghnáth-theocht agus gnáth-bhrú dromchla agus bíonn a saintréithe fisiciúla (dlús, slaodacht, etc.) fíor-athraitheach. Folaíonn an aicme seo comhdhlúthán loig nó léasa a bheidh saothraithe ó ghás gaolmhar agus neamh-gaolmhar ina bhfuil sé cumasetha leis an sruth amhola tráchtálach.</p>
<p>2 LGN</p>	<p>Is hidreacarbóin leachta nó leachtaithe iad LGN a bheidh saothraithe ó ghás nádúrtha i saoráidí deighilte nó i ngléasraí próiseála gáis. Folaíonn leachtanna gáis nádúrtha eatán, própán, bután (gnáthbhútán agus iseabútán), (isea)peantán agus pluspheantáin (dá ngairtear uaireanta comhdhlúthán gásailín nádúrtha nó comhdhlúthán gléasra).</p>

3 Stoic chothaithe Scaglainne	Is éard is stoc cothaithe scaglainne ann ná ola phróiseáilte atá ceaptha dul i gcomhair tuilleadh próiseála (e.g. ola bhreosla comhrite nó ola fholúsgháis) ach gan cumasc a áireamh. Déanfar é a chlaochlú, le tuilleadh próiseála, i gcumasc agus/nó i dtáirge críochnaithe amháin nó níos mó. Cuimsíonn an sainmhíniú seo freisin aischiúir ón tionscal peitricéimiceach go dtí an tionscal scagtha (e.g. gásailín pírealaithe, codáin C4, codáin ola gáis agus ola breosla).
4 Breiseáin/ Ocsaigiónáití	<p>Maidir le breiseáin is comhdhúile neamh-hidreacarbóin iad a chuirfear le táirge nó a chumascfar le táirge chun airíonna breosla a mhodhnú (ochtán, ceatán, fuar-airíonna, etc.):</p> <ul style="list-style-type: none"> • ocsaigiónáití, ar nós alcóil (meatánól, eatánól), éitear (ar nós EBTM (éitear búitileach treasach meitileach), EBTE (éitear búitileach treasach eitileach), EMAT (éitear meitileach aimileach treasach)); • eistir (e.g. ráibe nó dé-mheitileistir, etc.); • comhdhúile ceimiceacha (ar nós LMT, LET agus glantóirí). <p>Nóta: Ba chóir go mbainfidh cainníochtaí breiseán/ocsagiónáití (alcóil, éitear, eistir agus comhdhúile ceimiceacha eile) arna dtuairisciú san aicme seo leis na cainníochtaí a mheascfar le breoslaí nó a úsáidfear mar bhreosla.</p>
4.1 Mar atá: Bithbhreoslaí	<p>Bithghásailín agus Bithdhíosail. Beidh feidhm ag na sainmhínte i gCaibidil 5, Fuinneamh Inathnuaite agus Fuinneamh ó Dhramhaíl.</p> <p>Baineann cainníochtaí bithbhreoslaí leachtacha arna dtuairisciú san aicme seo leis an mbithbhreosla seachas le toirt iomlán na leachtanna a ndéanfar na bithbhreoslaí a chumasc leo.</p> <p>Ní fholáitear trádáil ar bith i mbithbhreoslaí, ar bithbhreoslaí iad nach mbeidh cumasctha le breoslaí iompair (i.e. ina nglanfhoirm); ba chóir iad seo a thuairisciú de réir Chaibidil 5. Ba chóir na bithbhreoslaí arna dtrádáil mar chuid de bhreoslaí iompair a thuairisciú sa táirge iomchuí ina léirítear an cion bithbhreosla.</p>
5 Hidreacarbóin Eile	<p>Amhola shintéiseach ó tharraghainimh, ola scealla, etc., leachtanna ó leachtú guail, (feic Caibidil 1), aschiúir leachtanna ó chlaochlú gáis nádúrtha go gásailín (feic Caibidil 2), go hidrigin agus go holaí eiblithe (e.g. Orimulsion).</p> <p>Ní fholáitear táirgeadh scealla ola, lena mbaineann Caibidil 1.</p> <p>Déanfar táirgeadh ola scealla (táirge tánaisteach) a thuairisciú mar "Ó fhoinsí eile" san aicme "Hidreacarbóin eile".</p>

6 Gás Scaglainne (nach bhfuil leachtaithe)	Folaíonn gás scaglainne meascán de gháis neamh-inchomhdhlúite arb éard iad go príomha hidrigin, meatán, eatán agus olaifíní a fhaightear le linn amhola a dhriogadh nó táirgí ola a chóireáil (e.g. cnagadh) i scaglanna. Folaíonn sé seo freisin gáis a aischuirfear ón tionscal peitricimiceach.
7 Eatán	Hidreacarbón dronslabhra atá gásach go nádúrtha, (C ₂ H ₆) agus a eastósctar ó shruthanna gáis nádúrtha agus gáis scaglainne.
8 GPL	Is hidreacarbóin phairifíneacha éadroma iad GPL a fhaightear ó na próisis scaglainne, ó ghléasraí cobhsúcháin amhola agus ó ghléasraí próiseála gáis nádúrtha. Is éard atá iontu go príomha ná própan (C ₃ H ₈) agus bútán (C ₄ H ₁₀) nó cumasc den dá cheann. Féadfar próipiléin, bútiléin, iseapróipiléin agus iseabútiléin a áireamh iontu freisin. Go hiondúil, déantar GPL a leachtú faoi bhrú ar mhaithe lena n-iompar agus lena stóráil.
9 Nafta	Is stoc cothaithe é nafta a úsáidfear sa tionscal peitricimiceach (e.g. monarú eitleine nó táirgeadh cumhránaice) nó chun gásailín a tháirgeadh trí athfhoirmiú nó isiméiriú laistigh den scaglann. Is éard atá i nafta ná ábhar atá sa réimse driogtha 30°C agus 210°C nó i gcuid den réimse seo.
10 Gásailín Mótair	Is éard atá i ngásailín mótair ná meascán de hidreacarbóin éadroma a dhriogann idir 35°C agus 215°C. Úsáidtear é mar bhreosla d'innill spréach-adhainte ar talamh. Féadfaidh breasáin, ocsaigionáití agus méadaitheoirí ochtáin, lena n-áirítear comhdhúile luaidhe ar nós LET agus LMT, a bheith i ngásailín mótair. Folaítear comhpháirteanna cumaiscthe gásailín mótair (seachas breasáin/ocsaigionáití), e.g. ailcioláití, isimearáit, athfhormáit, gásailín cnagtha atá le húsáid mar ghásailín mótair críochnaithe.
10.1 Mar atá: Bithghásailín	Beidh feidhm ag na sainmhínithe i gCaibidil 5, Fuinneamh Inathnuaite agus Fuinneamh ó Dhramhaíl.
11 Gásailín Eitlíochta	Biotáille mótair a ullmhaítear go sonrach d'innill loine eitlíochta, agus ag a bhfuil uimhir ochtáin atá oiriúnach don inneall, reophointe -60°C agus réimse driogtha atá laistigh de na teorainneacha 30°C agus 180°C de ghnáth.
12 Scaird-Bhreosla de Chineál Gásailíneach (Scaird-Bhreosla de Chineál Nafta nó JP4)	Folaíonn sé seo gach ola hidreacarbóin éadrom lena húsáid in aonaid chumhachta turbín eitlíochta, agus a dhriogann idir 100°C agus 250°C. Faightear iad trí cheirisíní agus gásailín nó nafta a chumasc ar shlí nach rachaidh an cion cumhránaice thar 25% de thoirt, agus go mbeidh an galbhrú idir 13.7kPa agus 20.6kPa.

13 Scaird-Bhreosla de Chineál Ceirisíneach	Driogáit a úsáidtear d'aonaid chumhachta tuirbín eitlíochta. Tá na hairíonna driogtha céanna idir 150°C agus 300°C (nach airde go hiondúil ná 250°C) agus an splancphointe céanna aige agus atá ag ceirisín. Ina theannta sin, tá sonraíochtaí áirithe aige (ar nós reophointe) atá bunaithe ag an gComhlachas Aeriompair Idirnáisiúnta (CAII). Folaítear comhpháirteanna cumaiscthe ceirisín.
14 Ceirisín Eile	Driogáit pheitriliam scagtha a úsáidtear in earnálacha seachas iompar aerárthaí. Driogann sé idir 150°C agus 300°C.
15 Ola Gháis/Dhíosail (Ola Bhreosla Driogáite)	Is driogáit mheánach go príomha í ola gháis/dhíosail a dhriogann idir 180°C agus 380°C. Folaítear comhpháirteanna cumaiscthe. Tá roinnt grádanna ar fáil ag brath ar úsáidí:
15.1 Mar atá: Díosal Iompair	Ola dhíosail ar bhóthar do bhrú-adhaint dhíosail (cairr, trucaílí, etc.), ag bhfuil cion íseal sulfair aici de ghnáth;
15.1.1 Ó 15.1, mar atá: Bithdhíosail	Beidh feidhm ag na sainmhínte i gCaibidil 5, Fuinneamh Inathnuaite agus Fuinneamh ó Dhramhaíl.
15.2 Mar atá: Ola Gháis Teasa agus Eile	Ola teasa éadrom d'úsáidí tionscail agus tráchtála, díosal mara agus díosal a úsáidtear i dtrácht iarnróid, ola gháis eile lena n-áirítear olaí gáis troma a dhriogann idir 380°C agus 540°C agus a úsáidtear mar stoic chothaithe pheitricimiceacha.
16 Ola Bhreosla	Gach ola bhreosla iarmharach (trom) (lena n-áirítear iad sin a fhaightear trí chumasc). Bíonn slaodacht chinéimiteach os cionn 10 cSt ag 80°C. Bíonn an splancphointe i gcónaí os cionn 50°C agus bíonn an dlús i gcónaí os cionn 0.90 kg/l.
16.1 Mar atá: Cion Íseal Sulfair	Ola bhreosla throm ina bhfuil cion sulfair níos lú ná 1%.
16.2 Mar atá: Cion Ard Sulfair	Ola bhreosla throm ina bhfuil cion sulfair 1% nó níos mó.
17 Biotáille Bhán agus FPS	Driogáití idirmheánacha scagtha ag a bhfuil driogadh i réimse nafta/ceirisín. Déanfar iad a fhoroinnt mar seo a leanas: - Biotáille Thionsclaíoch (FPS): Olaí éadroma a dhriogann idir 30°C agus 200°C. Tá 7 nó 8 ngrád de bhiotáille thionsclaíoch ann, ag brath ar shuíomh an ghearrtha sa réimse driogtha. Déantar na grádanna a shainmhíniú de réir na héagsúlachta teochta idir na pointí driogtha de thoirt 5% agus de thoirt 90% (nach airde ná 60°C). - Biotáille Bhán: Biotáille thionsclaíoch ag a bhfuil splancphointe os

	cionn 30°C. Is é 135°C - 200°C an réimse driogtha de bhiotáille bhán.
18 Bealaidh	<p>Hidreacarbóin a tháirgtear ó fhotháirge driogáite; úsáidtear iad go príomhúil chun frithchuimilt idir dromchlaí imthaca a laghdú.</p> <p>Folaíonn siad gach grád d'ola bhealaithe, ó ola fearsaide go hola sorcóra, agus iad sin a úsáidtear i ngréisc, olaí mótaí agus i ngach grád de stoic olabhunacha bhealaithe.</p>
19 Biotúman	<p>Hidreacarbón soladach, leathsholadach nó slaodach ag a bhfuil struchtúr collóideach, atá ar dhath donn go dubh, agus a fhaightear mar iarmhar i ndriogadh amhola, trí fholúsdriogadh iarmhar ola ó dhriogadh atmaisféarach. Tagraítear do bhiotúman go minic mar asfalt agus úsáidtear go príomha é chun bóithre a thógáil agus le haghaidh ábhar dín.</p> <p>Folaíonn sé biotúman sreabhánaithe agus siartha.</p>
20 Céireacha pairifín	<p>Is hidreacarbóin alafatacha sáithithe iad seo. Is iarmhair iad na céireacha seo a eastósctar le linn an chéir a bhaint as olaí bealaidh. Tá struchtúr criostalach acu atá mín a bheag nó a mhór de réir an ghráid. Is iad seo a leanas a bpríomhghnéithe: tá siad éadathach, neamhbholaitheach agus tréshoilseach, agus tá leáphointe os cionn 45°C acu.</p>
21 Cóc Peitriam	<p>Fotháirge soladach dubh, a fhaightear go príomha trí stoc cothaithe a fhaightear ó pheitriam, folúsghrinnill, tarra agus pic a chnagadh agus a charbónú i bpróisis ar nós cóc moillithe nó cóc sreabháin. Is éard atá ann go formhór ná carbón (90-95%) agus tá cion luatha íseal aige. Úsáidtear é mar stoc cothaithe in oighinn chóic i dtionscal na cruach, chun críocha téimh, chun leictreoidí a mhonarú agus chun ceimiceáin a tháirgeadh. Is iad "cóc glas" agus "cóc cailceanáite" an dá cháilíocht is tábhachtaí.</p> <p>Folaíonn sé "cóc catalaíoch" arna thaisceadh ar an gcatalaíoch le linn próiseas scagtha; níl an cóc seo inghnóthaithe agus de ghnáth dóitear é mar bhreosla scaglainne.</p>
22 Táirgí eile	<p>Gach táirge nach luaitear go sonrath thuas, mar shampla: tarra agus sulfar</p> <p>Folaíonn siad cumhránaic (e.g. BTX nó beinséin, tolúéin agus xiléin) agus olaifíní (e.g. próipiléin) a tháirgtear i scaglanna.</p>

4.2. LIOSTA NA gCOMHIOMLÁN

Déanfar an liosta seo a leanas de na comhiomláin a dhearbhú maidir leis na táirgí fuinnimh go léir sa mhír roimhe seo mura sonraítear a mhalairt.

4.2.1. Earnáil an tSoláthair agus an Chlaochlaithe

Ní bheidh feidhm ag an tábla seo ach amháin maidir le hamhola, LGN, stoic chothaithe scaglainne, breiseáin, bithbhreoslaí agus hidreacarbóin eile:

1.	Táirgeadh Dúchasach Neamh-infheidhme maidir le stoic chothaithe scaglainne agus le bithbhreoslaí.
2	Ó Fhoinsí Eile Breiseáin, Bithbhreoslaí agus Hidreacarbóin eile, a bhfuil a dtáirgeadh folaithe i gcomharduithe breoslaí eile. Neamh-infheidhme maidir le hamhola, le LGN agus le stoic chothaithe scaglainne.
2.1	mar atá: ó Ghual Folaíonn sé leachtanna a tháirgtear ó ghléasraí leachtaithe guail, aschur leachta ó oighinn chóic.
2.2	mar atá: Ó Ghás Nádúrtha Féadfar go mbeidh gás nádúrtha ag teastáil mar stoc cothaithe chun gásailín sintéiseach a mhonarú. Déanfar méid an gháis a bheidh ag teastáil do mhonarú meatánóil a dhearbhú de réir Chaibidil 2, fad is a dhéanfar fáltais meatánóil a dhearbhú anseo.
2.3	mar atá: ó Athnuachain Folaíonn siad bithbhreoslaí a dhéanfar a chumasc le breoslaí iompair. Déanfar táirgeadh a dhearbhú de réir Chaibidil 5, fad is a dhéanfar méideanna atá le cumasc a dhearbhú anseo.
3	Cúlreabha ón Earnáil Pheitricimiceach Táirgí críochnaithe nó leathchríochnaithe a aischiúfear ón tomhaltóir deiridh chuig scaglanna lena bpróiseáil, lena gcumasc nó lena ndíol. Is fotháirgí de mhonarú peitricimiceach iad de ghnáth. Níl siad infheidhme ach amháin maidir le stoic chothaithe scaglainne.
4	Táirgí Aistrithe Táirgí peitriam allmhairithe a dhéanfar a athaicmiú mar stoic chothaithe lena bpróiseáil tuilleadh sa scaglann, agus nach ndéanfar a sheachadadh chuig tomhaltóirí deiridh. Níl siad infheidhme ach amháin maidir le stoic chothaithe scaglainne.

5	<p>Allmhairí agus onnmhairí</p> <p>Folaítear cainníochtaí amhola agus táirgí arna n-allmhairí nó arna n-onnmhairiú faoi chomhaontuithe próiseála (i.e. scagadh ar chuntas). Ba chóir amhola agus LGN a thuairisciú mar chainníochtaí a tháinig ón tír thionscnaimh faoi dheoidh; ba chóir stoic chothaithe scaglainne agus táirgí críochnaithe a thuairisciú mar stoic agus mar tháirgí a tháinig ó thír an choinsínithe deiridh.</p> <p>Folaítear aon leachtanna gáis (e.g. GPL) a eastósctar le linn athghásúchán a dhéanamh ar ghás nádúrtha leachtaithe allmhairithe agus táirgí peitriam arna n-allmhairiú nó arna n-onnmhairiú go díreach ag an tionscal peitricimiceach.</p> <p>Nóta: Ba chóir go mbainfidh allmhairí nó onnmhairí eatánóil (a thuairiscítear sa cholún Breiseáin/Ocsaigionáití) leis na cainníochtaí a úsáidfeadh mar bhreosla.</p> <p>Ba chóir athonnmhairí ola arna hallmhairiú le haghaidh próiseála laistigh de limistéir faoi bhanna a áireamh mar onnmhairé táirge ón tír phróiseála go dtí an ceann scríbe críochnaitheach.</p>
6	<p>Úsáid Dhíreach</p> <p>Amhola, LGN, Breiseáin agus Ocsaigionáití (agus an chuid ar bithbhreoslaí í), agus hidreacarbóin eile a úsáidtear go díreach gan iad a phróiseáil i scaglanna peitriam.</p> <p>Folaítear amhola a dhóitear chun leictreachas a ghiniúint.</p>
7	<p>Athruithe ar Stoc</p> <p>Taispeántar tógáil stoc mar uimhir dhiúltach agus taispeántar tarraingt stoc mar uimhir dheimhneach.</p>
8	<p>Iontógáil Scaglainne Ríofa</p> <p>Méid iomlán an táirge a ríomhtar mar mhéid a chuaigh isteach sa phróiseas scaglainne. Saineofar é mar seo a leanas:</p> <p>Táirgeadh dúchasach + Ó fhoinsí eile + Cúlreabha ó thionscal + Táirgí aistrithe + Allmhairí - Onnmhairí - Úsáid dhíreach + Athruithe ar Stoc</p>
9	<p>Difríochtaí Staidrimh</p> <p>Saineofar iad mar iontógáil scaglainne ríofa lúide an ceann breathnaithe.</p>
10	<p>Iontógáil Scaglainne Bhreathnaithe</p> <p>Méideanna arna dtomhas mar ionchur i scaglanna</p>

11	<p>Caillteanais Scaglainne</p> <p>An difríocht idir Iontógáil scaglainne (breathnaithe) agus Oll-aschur scaglainne. Féadfaidh caillteanais tarlú i rith na bpróiseas driogtha mar gheall ar ghalú. Beidh caillteanais thuairiscithe deimhneach. Féadfaidh gnóchain thoirtmhéadracha a bheith ann ach ní fhéadfaidh gnóchain i mais a bheith ann.</p>
12	<p>Stoic Iomlána Oscailte agus Dúnta ar Chríoch Náisiúnta</p> <p>Gach stoc ar chríoch náisiúnta, lena n-áirítear stoic arna sealbhú ag rialtais, ag mórtiomhaltóirí nó ag eagraíochtaí stocshealbháíochta, stoic arna sealbhú ar bord soithí farraige ag teacht isteach, stoic arna sealbhú i limistéir faoi bhanna agus stoic arna sealbhú do dhaoine eile, cibé acu faoi chomhaontú déthaobhach rialtais nó ar shlí eile. Tagraíonn oscailte agus dúnta don chéad lá agus don lá deiridh faoi seach den tréimhse tuarascála.</p>
13	<p>Glanluach Calrach</p> <p>Táirgeadh, allmhairí agus onnmhairí agus meán iomlán.</p>

Ní bheidh feidhm ag an tábla seo a leanas ach amháin maidir le táirgí críochnaithe (Gás Scaglainne, Eatán, GPL, Nafta, Gásailín mótaí, Gásailín Eitlíochta, Scaird-Bhreosla de chineál gásailíneach, Scaird-bhreosla de chineál ceirisíneach, Ola Gháis/Dhíosail, Ola bhreosla de shulfar ard agus íseal, Biotáille Bhán agus FPS, Bealaidh, Biotúman, Céireacha pairifin, Cóc peitriam agus Táirgí Eile). Ba chóir amhola agus LGN a dhófar go díreach a áireamh i seachadtaí táirgí críochnaithe agus in aistrithe idirtháirge:

1	<p>Fáltais Táirgí Príomhúla</p> <p>Folaítear cainníochtaí amhola dúchasaí nó allmhairithe (lena n-áirítear comhdhlúthán) agus LGN a úsáidtear go díreach gan iad a bheith próiseáilte i scaglann pheitriam agus cainníochtaí Cúlreabha ón tionscal Peitricimiceach, ar cainníochtaí iad a úsáidtear go díreach cé nach breoslaí príomhúla iad.</p>
2	<p>Oll-aschur Scaglainne</p> <p>Táirgí críochnaithe a tháirgeadh i scaglann nó i ngléasra cumaiscthe.</p> <p>Ní fholáíonn sé caillteanais scaglainne ach folaíonn se Breosla scaglainne.</p>
3	<p>Táirgí Athchúrsáilte</p> <p>Táirgí críochnaithe a théann tríd an líonra margáíochta don dara huair, tar éis iad a bheith seachadta chuig na tomhaltóirí deiridh uair amháin (e.g. bealaidh úsáidte a dhéanfar a athphróiseáil). Ba chóir idirdhealú a dhéanamh idir na cainníochtaí seo agus Cúlreabha peitricimiceacha.</p>

4	<p>Breosla Scaglainne</p> <p>Táirgí peitriiliam arna dtomhailt chun tacú le hoibriú scaglainne.</p> <p>Ní fholáíonn sé táirgí a úsáideann cuideachtaí ola lasmuigh den phróiseas scagtha, e.g. umair nó tancaeir ola.</p> <p>Folaíonn sé breoslaí a úsáidtear chun leictreachas agus teas arna dhíol a tháirgeadh i scaglanna.</p>
4.1	<p>Mar atá: a úsáidtear chun leictreachas a ghiniúint</p> <p>Méideanna a úsáidtear chun leictreachas a ghiniúint i ngléasraí ag scaglanna.</p>
4.2	<p>Mar atá: a úsáidtear chun CTC a tháirgeadh</p> <p>Méideanna a úsáidtear i ngléasraí CTC ag scaglanna.</p>
5	Allmhairí agus Onnmhairí
6	Umair Mhuirí Idirnáisiúnta
7	<p>Aistrithe Idir-tháirgí</p> <p>Cainníochtaí a dhéanfar a athaicmiú toisc gur athraigh a sonraíocht nó toisc go ndearnadh iad a chumasc ina dtáirge eile.</p> <p>Déanfar iontráil dhiúltach le haghaidh táirge amháin a chúiteamh le hiontráil dheimhneach (nó roinnt iontrálacha) le haghaidh táirge nó táirgí agus vice versa; ba chóir gurbh ionann an ghlanéifeacht iomlán agus nialas.</p>
8	<p>Táirgí Aistrithe</p> <p>Táirgí peitriiliam allmhairithe a dhéanfar a athaicmiú mar stoic chothaithe lena bpróiseáil tuilleadh sa scaglann, agus nach ndéanfar a sheachadadh chuig tomhaltóirí deiridh.</p>
9	<p>Athruithe ar Stoic</p> <p>Taispeántar tógáil stoc mar uimhir dhiúltach agus taispeántar tarraingt stoc mar uimhir dheimhneach.</p>
10	<p>Ollseachadtaí Intíre Ríofa</p> <p>Saineofar é seo mar seo a leanas:</p> <p>Fáltais táirgí príomhúla + Oll-aschur scaglainne + Táirgí athchúrsáilte – Breosla scaglainne + Allmhairí – Onnmhairí – Umair mhuirí idirnáisiúnta + Aistrithe Idirtháirge – Táirgí aistrithe + Athruithe ar stoic</p>

11	Difríochtaí Staidrimh Saineofar iad mar ollseachadtaí intíre ríofa lúide an ceann breathnaithe.
12	Ollseachadtaí Intíre Ríofa Breathnaithe Seachadadh breathnaithe táirgí peitriam críochnaithe ó fhoinsí príomhúla (e.g. scaglanna, gléasraí cumaiscthe, etc.) chuig an margadh intíre. Féadfaidh an figiúr seo a bheith éagsúil leis an bhfigiúr ríofa mar gheall ar dhifríochtaí tuairiscithe, mar shampla, agus/nó difríochtaí sainmhínithe i gcórais tuarascála dhifriúla.
12.1	Mar atá: Ollseachadtaí chuig an Earnáil Pheitricimiceach Cainníochtaí breoslaí arna seachadadh chuig an Earnáil pheitricimiceach.
12.2	Mar atá: Úsáid Fuinnimh san Earnáil Pheitricimiceach Cainníochtaí ola a úsáidtear mar bhreosla le haghaidh próiseas peitricimiceach ar nós cnagadh gaile.
12.3	mar atá: Úsáid Neamhfhuinnimh san Earnáil Pheitricimiceach Cainníochtaí ola a úsáidtear san earnáil pheitricimiceach chun eitéilín, próipiléin, búitiléin, gás sintéise, cumhránaic, bútaidhé-éin agus amhábhair hidreacarbón-bhunaithe eile i bpróisis ar nós cnagadh gaile, gléasraí cumhránaice agus athfhoirmiú gaile. Ní fholaíonn sé méideanna ola a úsáidtear chun críoche breosla.
13	Cúlreabha ón Earnáil Pheitricimiceach chuig Scaglanna
14	Leibhéil Stoc Oscailte agus Dúnta Gach stoc ar chríoch náisiúnta, lena n-áirítear stoic arna sealbhú ag rialtais, ag mórtiomhaltóirí nó ag eagraíochtaí stocshealbhaíochta, stoic arna sealbhú ar bord soithí farraige ag teacht isteach, stoic arna sealbhú i limistéir faoi bhanna agus stoic arna sealbhú do dhaoine eile, cibé acu faoi chomhaontú déthaobhach rialtais nó ar shlí eile. Tagraíonn oscailte agus dúnta don chéad lá agus don lá deiridh faoi seach den tréimhse tuarascála.
15	Athruithe ar Stoic ag Fónais Phoiblí Athruithe ar stoic atá á sealbhú ag fónais phoiblí agus nach bhfuil ar áireamh i Leibhéil Stoic agus in Athruithe ar Stoic a thuairiscítear in áit eile. Taispeántar tógáil stoc mar uimhir dhiúltach agus taispeántar tarraingt stoc mar uimhir dheimhneach. Folaítear Amhola agus LGN a dhófar go díreach, más iomchuí.
16	Glanluach Calrach Ollseachadtaí Intíre

Maidir le hearnáil an chlaochlaithe, beidh feidhm ag na comhiomláin seo a leanas maidir le gach breosla, cé is moite de stoic chothaithe scaglainne, breiseáin/ocsaigionáití, bithbhreoslaí agus hidreacarbóin eile, ach lena n-áirítear breoslaí a úsáidtear chun críocha neamhfhuinnimh (cóc peitriam agus eile, a dhearbhfófar go leithleasach):

1	Earnáil iomlán an Chlaochlaithe Cainníochtaí iomlána breoslaí a úsáidtear don tiontú príomhúil nó tánaisteach fuinnimh.
1.1	Mar atá: Gléasraí Leictreachais na dTáirgeoirí Príomhghníomhaíochta
1.2	Mar atá: Gléasraí Leictreachais Uath-tháirgeoirí
1.3	Mar atá: Gléasraí CTC na dTáirgeoirí Príomhghníomhaíochta
1.4	Mar atá: Gléasraí CTC Uath-tháirgeoirí
1.5	Mar atá: Gléasraí Teasa na dTáirgeoirí Príomhghníomhaíochta
1.6	Mar atá: Gléasraí Teasa Uath-Tháirgeoirí
1.7	Mar atá: Oibreacha Gáis/Gléasraí Gásúcháin
1.8	Mar atá: Gás Nádúrtha Cumaiscthe
1.9	Mar atá: Oighinn Chóic
1.10	Mar atá: Foirnéisí Soinneáin
1.11	Mar atá: Tionscal Peitricimiceach
1.12	Mar atá: Gléasraí Teasa Paitinne
1.13	Mar atá: Nach bhfuil Sonraithe in Áit Eile – Claochlú

4.2.2. Earnáil an Fhuinnimh

Maidir le hearnáil an fhuinnimh, beidh feidhm ag na comhiomláin seo a leanas maidir le gach breosla, cé is moite de stoic chothaithe scaglainne, breiseáin/ocsaigionáití, bithbhreoslaí agus hidreacarbóin eile, ach lena n-áirítear breoslaí a úsáidtear chun críocha neamhfhuinnimh (cóc peitriam agus eile, a dhearbhfófar go leithleasach):

1	Earnáil Iomlán an Fhuinnimh Cainníocht iomlán a úsáidtear mar fhuinneamh in earnáil an fhuinnimh
1.1	Mar atá: Mianaigh Ghuail
1.2	Mar atá: Ola agus Gás a Eastóscadh

1.3	Mar atá: Oighinn Chóic
1.4	Mar atá: Foirnéisí Soinneáin
1.5	Mar atá: Oibreacha Gáis
1.6	Mar atá: Gléasraí Cumhachta Gléasraí Leictreachais, CTC agus teasa
1.7	Mar atá: Nach bhfuil Sonraithe in Áit Eile - Fuinneamh
2	Caillteanais Dáilte Caillteanais a tharlaíonn lasmuigh den scaglann mar gheall ar iompar agus ar dháileadh. Folaítear caillteanais ó phíblíne.

4.2.3. Críochúsáid fuinnimh a shonrú

Maidir le críochúsáid fuinnimh a shonrú, beidh feidhm ag na comhiomláin seo a leanas maidir le gach breosla, cé is moite de stoic chothaithe scaglainne, breiseáin/ocsaigionáití, bithbhreoslaí agus hidreacarbóin eile, ach lena n-áirítear breoslaí a úsáidtear chun críocho neamhfhuinnimh (cóc peitriam agus eile, a dhearbhófar go leithleasach):

1	Tomhaltas Fuinnimh Deiridh
2	Earnáil an Tionscail
2.1	Mar atá: Iarann agus Cruach
2.2	Mar atá: Ceimiceach agus Peitricimiceach
2.3	Mar atá: Miotail Neamhfheiriúla
2.4	Mar atá: Mianraí Neamh-Mhíotalacha
2.5	Mar atá: Trealamh Iompair
2.6	Mar atá: Innealra
2.7	Mar atá: Mianadóireacht agus Cairéalacht
2.8	Mar atá: Bia, Deochanna agus Tobac
2.9	Mar atá: Laíon, Páipéar agus clódóireacht
2.10	Mar atá: Adhmad agus Táirgí Adhmaid
2.11	Mar atá: Foirgníú

2.12	Mar atá: Teicstíl agus Leather
2.13	Mar atá: Nach bhfuil Sonraithe in Áit Eile - Tionscal
3	Earnáil an Iompair
3.1	Mar atá: Eitlíocht Idirnáisunta
3.2	Mar atá: Eitlíocht Intíre
3.3	Mar atá: Bóthar
3.4	Mar atá: Iarnród
3.5	Mar atá: Loingseoireacht Intíre
3.6	Mar atá: Iompar trí Phíblíne
3.7	Mar atá: Nach bhfuil Sonraithe in Áit Eile - Iompar
4	Earnálacha Eile
4.1	Mar atá: Seirbhísí Tráchtála agus Poiblí
4.2	Mar atá: Cónaitheach
4.3	Mar atá: Talmhaíocht/Foraoiseacht
4.4	Mar atá: Iascaireacht
4.5	Mar atá: Nach bhfuil Sonraithe in Áit Eile - Eile
5	<p>Úsáid Iomlán Neamhfhuinnimh</p> <p>Cainníochtaí arna n-úsáid mar amhábhair sna hearnálacha éagsúla agus nach dtomhlaítear mar bhreosla nó nach gclaochlaítear ina mbreosla eile. Áireofar na cainníochtaí seo sna comhiomláin atá liostaithe thuas.</p>
5.1	Mar atá: Earnáil an Chlaochlaithe
5.2	Mar atá: Earnáil an Fhuinnimh
5.3	Mar atá: Earnáil an Iompair
5.4	Mar atá: Earnáil an Tionscail
5.4.	Earnáil an Tionscail, mar atá: Ceimiceach (lena n-áirítear Peitricemiceach)
1	
5.5	Mar atá: Earnálacha Eile

4.2.4. Allmhairí agus onnmhairí

Allmhairí de réir tíre tionscnaimh, agus onnmhairí de réir tíre cinn scríbe. Feic freisin nótaí faoi 4.2.1, comhiomlán Uimh. 5.

4.2.5. Ionchuir chuig uath-tháirgeoirí giniúna leictreachais agus teasa

Déanfar ionchuir chuig uath-tháirgeoirí giniúna leictreachais agus teasa a dhearbú go leithleasach maidir le gléasraí leictreachais amháin, gléasraí CTC, agus gléasraí teasa amháin.

Ní fholáitear na táirgí fuinnimh seo a leanas: stoic chothaithe, breiseáin/ocsaigionáití, bithbhreoslaí, hidreacarbóin eile, eatán, gásailín mótaí, bithghásailín, gásailín eitlíochta, scaird-bhreosla de chineál gásailíneach, (scaird-bhreosla de chineál nafta nó JP4), biotáille bhán agus FPS, agus bealaidh.

Tá feidhm ag ionchuir maidir leis na gléasraí nó gníomhaíochtaí seo a leanas:

1	Earnáil Iomlán an Fhuinnimh Cainníocht iomlán a úsáidtear mar fhuinneamh in earnáil an fhuinnimh
1.1	Mar atá: Mianaigh Ghuail
1.2	Mar atá: Ola agus Gás a Eastóscadh
1.3	Mar atá: Oighinn Chóic
1.4	Mar atá: Foirnéisí Soinneáin
1.5	Mar atá: Oibreacha Gáis
1.6	Mar atá: Nach bhfuil Sonraithe in Áit Eile - Fuinneamh
2	Earnáil an Tionscail
2.1	Mar atá: Iarann agus Cruach
2.2	Mar atá: Ceimiceach agus Peitricemiceach
2.3	Mar atá: Miotail Neamhfheiriúla
2.4	Mar atá: Mianraí Neamh-Mhiotalacha
2.5	Mar atá: Trealamh Iompair
2.6	Mar atá: Innealra
2.7	Mar atá: Mianadóireacht agus Cairéalacht
2.8	Mar atá: Bia, Deochanna agus Tobac
2.9	Mar atá: Laíon, Páipéar agus clódóireacht
2.10	Mar atá: Adhmad agus Táirgí Adhmaid

2.11	Mar atá: Foirgniú
2.12	Mar atá: Teicstíl agus Leathar
2.13	Mar atá: Nach bhfuil Sonraithe in Áit Eile - Tionscal
3	Earnáil an Iompair
3.1	Mar atá: Iompar trí Phíblíne
3.2	Mar atá: Nach bhfuil Sonraithe in Áit Eile - Iompar
4	Earnálacha Eile
4.1	Mar atá: Seirbhísí Tráchtála agus Poiblí
4.2	Mar atá: Cónaitheach
4.3	Mar atá: Talmhaíocht/Foraoiseacht
4.4	Mar atá: Iascaireacht
4.5	Mar atá: Nach bhfuil Sonraithe in Áit Eile - Eile

4.3. AONAIID TOMHAIS

1	Cainníochtaí Fuinnimh	10 ³ tona
2	Luachanna Calracha	MJ/tona

4.4. MAOLUITHE AGUS DÍOLÚINTÍ

Tá an Chipir díolmhaithe ó na comhiomláin arna sainiú in Alt 4.2.3 faoi 4 (Earnálacha Eile) agus 5 (Úsáid Iomlán Neamhfuinimh) a thuairisciú; ní bheidh ach na luachanna iomlána infheidhme.

Tá maolú trí bliana ag an gCipir, tar éis dáta an Rialacháin seo a theacht i bhfeidhm, chun na comhiomláin arna sainiú in Alt 4.2.3 faoi 2 (Tionscal) agus 3 (Iompar) a thuairisciú; ní bheidh ach na luachanna iomlána infheidhme le linn tréimhse an mhaolaithe seo.

5. FUINNEAMH INATHNUAITE AGUS FUINNEAMH Ó DHRAMHAÍL

5.1. TÁIRGÍ FUINNIMH IS INFHEIDHME

Mura sonraítear a mhalairt beidh feidhm ag an mbailiú sonraí seo maidir le gach ceann de na táirgí fuinnimh seo a leanas:

Táirge Fuinnimh	Sainmhíniú
1. Hidreafhuinneamh	Fuinneamh poitéinsiúil agus cinéiteach uisce arna thiontú go leictreachas i ngléasraí hidrileictreacha. Ní mór taisce pumpála a áireamh. Ní mór táirgeadh maidir le gléasraí dar méideanna < 1 MW, 1 - < 10 MW, ≥10 MW agus ó thaisce pumpála a thuairisciú.
2. Geoiteirmeach	Fuinneamh atá ar fáil mar theas a astaítear ó fhorscreamh na talún, i bhfoirm uisce the nó gaile. Is ionann an táirgeadh fuinnimh seo agus an difríocht idir eantalpacht an tsreabháin a tháirgtear sa táirgeadh tollphoill agus eantalpacht an tsreabháin a dhiúsraítear i ndeireadh na dála. Déanfar é a shaothrú ag láithreáin oiriúnacha: <ul style="list-style-type: none"> • chun leictreachas a ghiniúint trí ghal tirim nó trí sháile le heantalpacht ard a úsáid tar éis splancadh • go díreach mar theas do théamh ceantair, talmhaíocht etc.
3. Grianfhuinneamh	Radaíocht na gréine arna saothrú chun uisce te a tháirgeadh agus chun leictreachas a ghiniúint. Is é an táirgeadh fuinnimh seo an teas atá ar fáil don mheán aistrithe teasa, i.e. an grianfhuinneamh ionsaitheach lúide na caillteanais optúla agus tiomsaitheoirí. Ní fholáitear grianfhuinneamh éighníomhach chun teaghaisí nó foirgnimh eile a théamh, a fhuarú nó a shoilsiú go díreach.
3.1 Mar atá: Grianfhótavoltach	Maidir le solas gréine arna thiontú go leictreachas trí ghrianchealla a bheidh déanta go hiondúil as ábhar leathsheolta a úsáid, ar ábhar é a nochtaítear do sholas, déanfaidh sé leictreachas a ghiniúint.
3.2 Mar atá: Griantheirmeach	Teas ó radaíocht na gréine; is é a bheidh ann: <ol style="list-style-type: none"> a) gléasraí griantheirmeacha-leictreacha, nó b) trealamh chun uisce te tí a tháirgeadh nó chun linnte snámha a théamh go séasúrach (e.g. ceapadóirí leacaithe, go príomha de chineál teirmisiofónach)
4. Fuinneamh Taoide, Tonnfhuinneamh, Fuinneamh Farraige	Fuinneamh meicniúil a fhaightear ó ghluaiseachtaí taoide, tonnghluaiseacht nó sruth farraige agus a shaothraítear chun leictreachas a ghiniúint.
5. Gaoth	Fuinneamh cinéiteach gaoithe a shaothraítear chun leictreachas a ghiniúint i dtuirbíní gaoithe.
6. Dramhaíl Thionsclaíoch	Dramhaíl de thionscnamh neamh-inathnuaite tionsclaíoch (solaid nó leachtanna) a dhóitear go díreach chun leictreachas agus/nó teas a

(neamh-inathnuaite)	tháirgeadh. Ba chóir cainníocht an bhreosla a thuairisciú ar bhonn glanluacha chaltraigh. Ba chóir dramhaíl thionsclaíoch inathnuaite a thuairisciú sna haicmí Bithmhais Sholadach, Bithghás agus/nó Bithbhreoslaí Leachtacha.
7. Dramhaíl Chathrach:	Dramhaíl arna táirgeadh ag teaghlaigh, ospidéal agus ag an earnáil threasach agus arna dó i suiteálacha sonracha, ar bhonn glanluacha chaltraigh.
7.1 Mar atá: Inathnuaite	An cion de dhramhaíl chathrach atá de thionscnamh bitheolaíoch.
7.2 Mar atá: Neamh-inathnuaite	An cion de dhramhaíl chathrach atá de thionscnamh neamhbhitheolaíoch.
8. Bithmhais sholadach:	Folaítear ábhar orgánach, neamh-iontaseach de thionscnamh bitheolaíoch a fhéadfar a úsáid mar bhreosla chun teas a tháirgeadh nó chun leictreachas a ghiniúint. Cuimsíonn sí:
8.1 Mar atá: Gualach	Iarmhar soladach ó dhriogadh millteach agus pireaíú adhmaid agus ábhar cothaitheach eile.
8.2 Mar atá: Adhmaid, Dramhaíl Adhmaid agus Dramhaíl Sholadach Eile	Barra fuinnimh a fhástar le sainchuspóir (poibleog, saileach etc.), ilábhair adhmaid a chuirtear ar fáil i bpróiseas tionscail (tionscal an adhmaid/páipéir go háirithe) nó a sholáthraíonn foraoiseacht agus talmhaíocht go díreach (adhmaid tine, sliseanna adhmaid, millíní adhmaid, coirt, min sáibh, scamhacháin, sliseanna, licéar dubh etc.) mar aon le dramhaíl ar nós tuí, crotail ríse, cnóshliogáin, easair éanlaithe, dríodair fionchaoire bhrúite etc. Is é dóchan an teicneolaíocht is fearr don dramhaíl sholadach seo. Ba chóir cainníocht an bhreosla a thuairisciú ar bhonn glanluacha chaltraigh.
9. Bithghás:	Gás a bheidh comhdhéanta go príomha de mheatán agus de dhé-ocsaíd charbóin a tháirgtear trí dhíleá anaeróbach ar bithmhais.
9.1 Mar atá: Gás Líonta Talún	Bithghás a fhoirmítear trí dhíleá ar dhramhaíl líonta talún
9.2 Mar atá: Gás Sludaigh Séarachais	Bithghás a tháirgtear ó choipeadh anaeróbach sludaigh séarachais
9.3 Mar atá: Bithghás Eile	Bithghás a tháirgtear ó choipeadh anaeróbach sciodair ainmí agus dramhaíola i seamlais, grúdlanna agus i dtionscail agrai-bhia eile.
10. Bithbhreoslaí Leachtacha	Ba chóir go mbainfidh na cainníochtaí bithbhreoslaí leachtacha arna dtuairisciú sa aicme seo leis na cainníochtaí bithbhreoslaí seachas le toirt iomlán na leachtanna a ndéanfar na bithbhreoslaí a chumas leo. Maidir le cás áirithe allmhairí agus onnmhairí bithbhreoslaí leachtacha, ní bhainfidh sé ach amháin le trádáil cainníochtaí nach mbeidh cumastha le breoslaí iompair (ie. ina nglanfhoirm); ba chóir trádáil bithbhreoslaí leachtacha a bheidh cumastha le breoslaí

	<p>iompair a thuairisciú sna sonraí ola i gCaibidil 4.</p> <p>Beidh baint ag na bithbhreoslaí seo a leanas:</p>
<p>10. Mar atá: 1 Bithghásailín</p>	<p>Folaíonn an aicme seo bitheatánól (eatánól a tháirgtear ó bhithmhais agus/nó an codán bith-indíghrádaithe den dramhaíl), bithmheatánól (meatánól a tháirgtear ó bhithmhais agus/nó an codán bith-indíghrádaithe den dramhaíl), bithEBTE (éitear-búitileach-treasach-eitileach arna tháirgeadh ar bhonn bitheatánóil; is é 47% an céatadán de réir toirte de bhithEBTE a ríomhtar mar bhithbhreosla) agus bithEBTM (éitear-búitileach-treasach-meitileach arna tháirgeadh ar bhonn bithmheatánóil): is é 36% an ceatadán de réir toirte de bhithEBTM a ríomhtar mar bhithbhreosla).</p>
<p>10. Mar atá: 2 Bithdhíosail</p>	<p>Folaíonn an aicme seo bithdhíosail (eistear meitileach arna tháirgeadh ó ola glasraí nó ainmhíoch, agus atá de cháilíocht dhíosail), bithdhémheilítear (démheilítear arna tháirgeadh ó bhithmhais), Fischer Tropsch (Fischer Tropsch arna tháirgeadh ó bhithmhais), bithola eastósctha fuar (ola arna tháirgeadh ó olashíol trí phróiseáil mheicniúil amháin) agus gach bithbhreosla leachtach eile a gcuirtear leo, a chumasetar le díosal iompair nó a úsáidtear go díreach mar dhíosail iompair.</p>
<p>10. Mar atá: 3 Bithbhreoslaí Leachtacha Eile</p>	<p>Bithbhreoslaí a úsáidtear go díreach mar bhreosla agus nach n-áirítear i mbithghásailín nó i mbithdhíosail.</p>

5.2. LIOSTA NA gCOMHIOMLÁN

Déanfar an liosta seo a leanas de na comhiomláin a dhearbhu maidir leis na táirgí fuinnimh go léir sa mhír roimhe seo mura sonraítear a mhalairt.

5.2.1. Olltáirgeadh Leictreachais agus Teasa

Ní mór leictreachas agus teas a ghintear ó na táirgí fuinnimh a luaitear i bhFothéideal 5.1 (seachas gualach ach lena n-áirítear méid iomlán na mbithbhreoslaí leachtacha amháin) a dhearbhu go leithleasach, i gcás inar cuí sin:

- maidir le gléasraí táirgeoirí príomhghníomhaíochta agus gléasraí uath-tháirgeoirí;
- maidir le gléasraí táirgthe leictreachais amháin, gléasraí táirgthe teasa amháin, agus maidir le gléasraí cumaisc teasa agus cumhachta (CTC).

5.2.2. Earnálacha an tSoláthair agus an Chlaochlaithe

Ní mór cainníochtaí táirgí fuinnimh a luaitear i bhFothéideal 5.1 (seachas hidreachumhacht, grianfhuinneamh fótvoltach, fuinneamh ó thaoidí, ó thonnta agus ó fharraigí agus fuinneamh gaoithe) agus a úsáidtear in earnálacha an tSoláthair agus an Chlaochlaithe a dhearbhu i leith na gcomhiomlán seo a leanas:

1	Táirgeadh
2	Allmhairí
3	Onnmhairí
4	Athruithe ar Stoic Taispeántar tógáil stoc mar uimhir dhiúltach agus taispeántar tarraingt stoc mar uimhir dheimhneach.
5	Olltomhaltas
6	Difríochtaí Staidrimh
7	Earnáil iomlán an Chlaochlaithe Cainníochtaí athnuachan agus dramhaíola a úsáidtear chun foirmeacha príomhúla fuinnimh a thiontú go foirmeacha tánaisteacha (e.g. gáis líonta talún go leictreachas) nó a úsáidtear le haghaidh claochlú go táirgí fuinnimh díorthaithe (e.g.: bithghás a úsáidtear mar ghás nádúrtha cumaiscthe).
7.1	Mar atá: Gléasraí Leictreachais na dTáirgeoirí Príomhghníomhaíochta
7.2	Mar atá: Gléasraí CTC na dTáirgeoirí Príomhghníomhaíochta
7.3	Mar atá: Gléasraí Teasa na dTáirgeoirí Príomhghníomhaíochta
7.4	Mar atá: Gléasraí Leictreachais Uath-tháirgeoirí
7.5	Mar atá: Gléasraí CTC Uath-tháirgeoirí
7.6	Mar atá: Gléasraí Teasa Uath-Tháirgeoirí
7.7	Mar atá: Gléasraí Teasa Paitinne Cainníochtaí athnuachan agus dramhaíola a úsáidtear chun breosla paitinne a tháirgeadh. Maidir le hathnuachain agus dramhaíl a úsáidtear chun trealamh a théamh agus a oibriú ní mór iad a thuairisciú mar thomhaltas in Earnáil an fhuinnimh.
7.8	Mar atá: Gléasraí BKB/PB Cainníochtaí athnuachan agus dramhaíola a úsáidtear chun BKB a tháirgeadh. Maidir le hathnuachain agus dramhaíl a úsáidtear chun trealamh a théamh agus a oibriú ní mór iad a thuairisciú mar thomhaltas in Earnáil an fhuinnimh.

7.9	Mar atá: Gás Oibreacha Gáis Cainníochtaí athnuachan agus dramhaíola a úsáidtear chun gás oibreacha gáis a tháirgeadh. Maidir le hathnuachain agus dramhaíl a úsáidtear chun trealamh a théamh agus a oibriú ní mór iad a thuairisciú mar thomhaltas in Earnáil an fhuinnimh.
7.10	Mar atá: Maidir le gás nádúrtha cumaiscthe Cainníochtaí bithghás arna gcumasc le gás nádúrtha.
7.11	Mar atá: Maidir le Cumasc go Gásailín/Díosail Mótair Cainníochtaí bithbhreoslaí leachtacha nach ndéanfar a sheachadadh chuig an tomhaltas deiridh ach a úsáidfear le tairgí peitriam eile arna dtuairisciú de réir chaibidil 4 den Iarscríbhinn seo.
7.12	Mar atá: Gléasraí táirgthe gualaigh Cainníochtaí adhmaid a úsáidtear chun Gualach a tháirgeadh.
7.13	Mar atá: Nach bhfuil Sonraithe in Áit Eile – Claochlú

5.2.3. Earnáil an Fhuinnimh

Ní mór cainníochtaí táirgí fuinnimh a luaitear i bhFothéideal 5.1 (seachas hidreachumhacht, grianfhuinneamh fótvoltach, fuinneamh ó thaoidí, ó thonnta agus ó fharraigí agus fuinneamh gaoithe) agus a úsáidtear in earnáil an fhuinnimh nó le haghaidh tomhaltas deiridh a dhearbhu i leith na gcomhiomlán seo a leanas:

1	Earnáil Iomlán an Fhuinnimh Fuinnimh agus dramhaíl inathnuaite arna dtomhailt ag earnáil an fhuinnimh chun tacú le gníomhaíocht an chlaohlaithe. Mar shampla fuinnimh agus dramhaíl inathnuaite a úsáidtear chun caidéil/comhbhrúiteoirí a théamh, a shoilsiú nó a oibriú. Ba chóir cainníochtaí fuinneamh agus dramhaíola inathnuaite arna gclaochlú go foirm fuinnimh eile a thuairisciú faoi Earnáil an chlaohlaithe.
1.1	Mar atá: Gléasraí gásúcháin
1.2	Mar atá: Gléasraí Leictreachais Phoiblí, CTC agus Teasa
1.3	Mar atá: Mianaigh Ghuail
1.4	Mar atá: Gléasraí Teasa Paitinne
1.5	Mar atá: Oighinn Chóic
1.6	Mar atá: Scaglanna Peitriam
1.7	Mar atá: Gléasraí BKB/PB
1.8	Mar atá: Gás Oibreacha Gáis

1.9	Mar atá: Foirnéisí Soinneáin
1.10	Mar atá: Gléasraí Táirgthe Gualaigh
1.11	Mar atá: Nach bhfuil Sonraithe in Áit Eile
